



An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

2018

Tuarascáil Bhliantúil
agus Cuntais

*Is an muileann páipéir ina n-úsáidtear laíon adhmaid as foraois
inbhuanaithe mharthanach a foinsíodh an páipéar a úsáideadh chun an
tuarascáil seo a phrionáil. Níor úsáideadh clóirín sa phróiseas tuartha.*

Designed & Printed by Anglo Printers Ltd. Tel. 041 98 35000

An tÚdarás Árachas Sláinte

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.

Íosghlao: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost info@hia.ie

Suíomh Gréasáin: www.hia.ie

Clár Ábhar

1	Ráiteas an Chathaoirligh	3
2	Comhaltaí agus Lucht Bainistíochta an Údaráis	3
	Comhaltaí	4
	An Lucht Bainistíochta	6
3	Feidhmeanna an Údaráis	0
	3.1 Rialáil	2
	3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh	2
	3.1.2 Forbairtí Rialála sa bhliain 2018	2
	3.1.3 Scéim na hÉireann um Chothromú Fiontar	5
	3.1.4 An Ciste um Chothromú Fiontar	8
	3.1.5 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte	9
	3.1.6 Clár na gConarthaí Árachais Sláinte	9
	3.2 Taighde agus Comhairle	11
	3.2.1 Faireachán a Dhéanamh ar an Margadh Árachais Sláinte	11
	3.2.2 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachais Sláinte	15
	3.2.3 Taighde Coimisiúnaithe Eile	16
	3.2.4 Comhairle	17
	3.3 Leas Thomhaltóirí	18
	3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin ó Thomhaltóirí	18
	3.3.2 Suíomh Gréasáin	19
	3.3.3 Fógraíocht	20
4	Gnóthaí Corparáideacha	22
	4.1 Straitéis	22
	4.2 Rialachas Corparáideach	23
	4.3 Acmhainní	31
5	Tuarascáil agus Cuntais 2018	32
	5.1 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain ón 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018	32
	5.2 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar don bhliain ón 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018	69
6	Aguisíní	87
	Aguisín A - Staitisticí a bhaineann leis an Margadh Árachais Sláinte Phríobháidigh in Éirinn, 2018	87
	Aguisín B - Éagsúlacht Éilimh de réir Aoise	91
	Aguisín C - Struchtúr Aoise an Mhargaidh	92
	Aguisín D - Clár na nGnóthas Sochar Sláinte	94
	Aguisín E - Rátaí Cothromú Fiontar	95
	Aguisín F - Staitisticí maidir leis an Rátáil Phobail Saoil	98

1 Ráiteas an Chathaoirligh

I gcomhréir le hAlt 33(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Árachais Sláinte (“an tÚdarás”) a chur i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018. Comhlíonann an tÚdarás roinnt feidhmeanna maidir le margadh an árachais sláinte in Éirinn, a bhfuil a chóras rialála bunaithe ar na príomhphrionsabail de phobalrátú, rollú oscailte, cumhdach saolré agus sochair íosta.

Bhí an margadh go measartha cobhsaí thar chúrsa na bliana, mar a dhéantar a thomhas faoi líon na n-árachóirí agus na dtáirgí a bhí ar fáil, líon na ndaoine faoi árachas, agus meánbhoilsciú préimheanna agus éileamh. Tá an margadh ina iomláine ag dul in aois mar thoradh ar dhéimeagrafaic an daonra agus rátaí um dhul i bhfód ar an margadh a athraíonn de réir aoise. Bhí árachóirí fós réamhghníomhach maidir le sochair agus praghsanna na dtáirgí aonair a choigeartú agus seirbhísí agus gnéithe nua a chur san áireamh agus de bharr sin tá castacht an mhargaidh do thomhaltóirí fós ard.

Mar aitheantas dó sin, lean an tÚdarás le seirbhís faisnéise do thomhaltóirí a sholáthar i rith na bliana agus rinne sé an feachtas faisnéise poiblí dá chuid a leathnú. Trína chuid fógraíochta, rinne an tÚdarás iarracht tomhaltóirí árachais sláinte a chur ar an eolas maidir leis an rogha laistigh den mhargadh agus na coigiltis ionchasacha atá ar fáil tríd an margadh is fearr a chuardach sula ndéanann siad a bpolasaithe a athnuachan, agus meáin éagsúla á n-úsáid agus teilifís, preas, raidió agus na meáin shóisialta san áireamh. Lean an tÚdarás le cúnamh a sholáthar do thomhaltóirí chun an polasaí is iomchuí dóibh féin a rochtain ag an ráta préimhe is iomaíche trí láithreán gréasáin an Údaráis, tríd an líne chabhrach thiomanta agus trí theagmháil dhíreach le foireann an Údaráis.

Tá uirlis chomparáide an Údaráis ríthábhachtach chun tomhaltóirí a chumasú na táirgí uile atá ar fáil sa mhargadh a chur i gcomparáid le chéile, agus an cuardach á shaincheapadh chun a riachtanais féin a chomhlíonadh. Cuireadh athbhreithniú mór chun feidhme ar láithreán gréasáin an Údaráis, ag díriú ar fheidhmiúlacht agus ar eispéiris na gcustaiméirí in 2017, agus mar thoradh air sin rinneadh athfhorbairt ar uirlis chomparáide an Údaráis le linn 2018. Tríd an athfhorbairt rinne an próiseas comparáide a shruthlíniú, rud a chuidigh le tomhaltóirí na táirgí árachais sláinte is iomchuí agus is fearr ó thaobh luach ar airgead de a shainathint dá riachtanais shainiúla féin. Tá sé de rún ag an Údarás leanúint le hacmhainní airgeadais suntasacha a infheistiú chun a straitéis chumarsáide a sheachadadh.

Tá an tÚdarás freagrach as an Scéim Cothromaithe Riosca a riar agus a chothabháil, taca ríthábhachtach do phobalrátú, agus tá cuntais 2018 an Chiste Cothromaithe Riosca arna bhunú faoin Scéim san áireamh leis an Tuarascáil seo. Déantar an Ciste a bhainistiú ar an mbonn go mbeidh ioncam agus caiteachas ar cothrom thar am, agus go dtabharfar aon bharrachas nó easnamh réamh-mheasta san áireamh in athbhreithniú bliantúil an Údaráis agus i moltaí don Aire.


I Meán Fómhair 2018, d’fhoilsigh an tÚdarás ‘The Irish Healthcare System - An Historical and Comparative Review’. Tá an páipéar comhdhéanta de dhá pháirt: forbhreathnú stairiúil ar chóras cúram sláinte na hÉireann, agus comparáid thagarmharcála idirnáisiúnta ar chóras cúram sláinte reatha na hÉireann i gcoinne córas cúram sláinte comhfhreagrach i dtíortha forbartha eile - an Astráil, an Bheilg, an Ghearmáin, agus an Ríocht Aontaithe.

Coimisiúnaíonn an tÚdarás taighde mór ar thomhaltóirí maidir leis an margadh árachais sláinte gach dhá bhliain agus tá sé de rún aige a shainchúram um thaighde a leathnú go réamhghníomhach mar chuid dá Straitéis le haghaidh 2019-2021 arna foilsiú le déanaí.

Tá áthas orm aitheantas a thabhairt d'obair agus do dhíograis Chomhaltaí an Údaráis le linn 2018, agus tugaim faoi deara an rannchuidiú carnach uathu siúd a rachaidh a dtéarma ceapacháin in éag in 2019. Ciallaíonn sé sin, comhcheangailte le foráil sa reachtaíocht domhádú i líon na gComhaltaí ó chúigear go seisear, go bhfuiltear ar tí roinnt ceapachán nua a dhéanamh don Údarás. Tá mé ag súil le bheith ag obair leis an gcomhaltas leathnaithe sin de chuid an Údaráis.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Sláinte, an tUasal Simon Harris TD, agus le hoifigigh sa Roinn Sláinte, as a gcuid tacaíochta le linn na bliana.

Faoi dheireadh, gabhann an tÚdarás a bhuíochas le foireann an Údaráis as an obair a rinne siad agus as an tiomantas a thaispeáin siad le linn 2018.



Sheelagh Malin
Cathaoirleach

30 Meitheamh 2019

2 Comhaltaí agus Lucht Bainistíochta an Údaráis

Comhaltaí

Is é an tAire Sláinte (“an tAire”) a cheapann na Comhaltaí den Údarás ar feadh téarmaí nach faide ná cúig bliana. Is iad seo a leanas na Comhaltaí den Údarás:



Sheelagh Malin Uasal (Cathaoirleach) – A ceapadh an 6 Bealtaine 2010 agus a athcheapadh an 1 Feabhra 2016

Tá Sheelagh Malin Uasal ina Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn. Tá níos mó ná 25 bliana caite aici i róil bhainistíochta sa tionscal árachais saoil, lena n-áirítear i róil mar Stiúrthóir Bainistíochta, mar Stiúrthóir Airgeadais agus mar Oifigeach um Chomhlíonadh agus i róil forbartha agus margaíochta táirgí. Gníomhaíonn sí mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar bhord roinnt cuideachtaí árachais.



An tUasal Ian Britchfield – A ceapadh an 20 Meitheamh 2016

Tá taithí 25 bliana ag an Uas. Britchfield sna tionscail árachais agus athárachais. Tá sé ina Chomhalta d’Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ina bhall d’Institiúid na Stiúrthóirí. Gníomhaíonn sé mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách le haghaidh roinnt cuideachtaí san earnáil árachais/athárachais. Roimhe sin, chaith sé breis agus deich mbliana ag obair do Renaissance Reinsurance, áit a raibh sé ar an Stiúrthóir Bainistíochta le haghaidh a oibríochtaí in Éirinn. Roimhe sin fós, d’oibrigh sé mar Stiúrthóir Airgeadais do Aon Insurance Managers. Chaith sé an chéad seacht mbliana dá ghairm ag obair do PricewaterhouseCoopers in Éirinn agus i mBeirmiúda.



An Dr Fiona Kiernan – A ceapadh an 1 Feabhra 2016

Tá an Dr Fiona Kiernan ina Lia Comhairleach san Ainéistéise agus sa Mhíochaine Dianchúraim in Ospidéal Beaumont. Is Comhalta de Choláiste Ainéistéisithe na hÉireann í. Taobh leis an gcéim atá aici sa mhíochaine, tá céim Máistreacht aici san Eacnamaíocht, Beartas agus Bainistíocht Sláinte ó Scoil Eacnamaíochta agus Eolaíochta Polaitiúla London. Tá sí ag tabhairt faoi dhochtúireacht san Eacnamaíocht leis an Roinn Eacnamaíochta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoi láthair. Tá léachtaí tugtha aici i gColáiste na nAinéistéisithe ar ábhair a bhaineann le leithdháileadh acmhainní agus leis an eacnamaíocht sláinte. Tá láithreoireachtaí tugtha aici ar bhonn idirnáisiúnta ar ábhair a bhaineann le húsáid cúram sláinte agus le rochtain ar chúram sláinte freisin. Tá sí i mbun taighde faoi láthair ar an ngaol idir ioncam agus sláinte in Éirinn agus ar thomhas feidhmíochta an chórais sláinte in ospidéal na hÉireann.

An tUasal Sean Coyle – A d'éirigh as an 31 Lúnasa 2018

An tUasal James A. McNamara – Ar tháinig a Théarma Oifige chun deiridh an 25 Eanáir 2019

An Lucht Bainistíochta

The Management of the Authority are as follows:



An tUasal Don Gallagher

Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Tá céim MSc ag an Uasal Gallagher sa Bhainistíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is Príomhfheidhmeannach idirnáisiúnta é a bhfuil an-taithí aige agus a bhfuil bainistiú déanta aige ar chuideachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta árachais agus bainistíocht saibhris. D'fhóin sé ar Bhoird na gcuideachtaí sin freisin. Níos déanaí fós, bhí an tUasal Gallagher ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhochuideachta Eorpach de chuid príomhárachóra saoil dhomhanda. Roimhe sin, bhí an tUasal Gallagher ina Leas-Uachtarán Sinsearach agus ina Stiúrthóir Bainistíochta le mór-árachóir saoil Ceanadach in Éirinn agus i gCeanada. Ceapadh an tUasal Gallagher chuig Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais i mí Eanáir 2017.



Maeve Kearns Uasal

Ceann Gnóthaí Corparáideacha/Rúnaí don Údarás

Tá céim Baisiléara Tráchtála ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag Maeve Kearns Uasal agus is Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann í. Sula ndeachaigh sí isteach san Údarás, bhí ról aici in Iniúchóireacht Inmheánach agus in Airgeadas le comhlachtaí poiblí eile mar aon le ról bhainistíochta laistigh den tionscal seirbhísí airgeadais.



An tUasal Brendan Lynch

Ceann Taighde/Seirbhísí Teicniúla

Is eacnamaí agus atur nae cáilithe é an tUasal Lynch. Tá céim Máistreachta aige san Eacnamaíocht, mar aon le Dioplóma sa Dlí Eorpach. D'oibrigh sé mar shainchomhairleoir eacnamaíoch, mar eacnamaí stocbhróicéara, agus mar chomhairleoir eacnamaíoch don Aire Airgeadais roimhe seo.



Corrinna Nolan Uasal

Ceann Airgeadais

Tá Corrinna Nolan Uasal ina ball de Chuntasóirí Cairte Éireann agus d'Institiúid Árachais na hÉireann araon. Sular thosaigh sí ag obair leis an Údarás, d'oibrigh sí leis an Rannóg Maoirseachta Árachais i mBanc Ceannais na hÉireann. Bhí ról aici roimhe sin san fheidhm iniúchóireachta seirbhísí airgeadais in Deloitte. Fónann sí freisin mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar charthanas clárithé.



An tUasal Micheál O'Briain

Ceann Gnóthaí Rialála

Tá an tUasal O'Briain ina Chomhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn. Tá níos mó ná 30 bliain caite aige i róil bhainistíochta sa tionscal árachais saoil. Bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ina Achtúire Ceaptha de chuid cuideachta Éireannaí árachais saoil sular thosaigh sé ag obair leis an Údarás.



Tá oifigí an Údaráis Árachas Sláinte lonnaithe ag:

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6, D06 FC93.

Íosghlao: 1850 929 166

Teil.: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost: info@hia.ie

Suíomh Gréasáin: www.hia.ie

3 Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú ón Aire an 1 Feabhra 2001 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994. Oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin agus na nAchtanna Árachais Sláinte (Leasú) (dá ngairtear le chéile “na hAchtanna Árachais Sláinte”).¹

Tar éis achtú “an Tríú Treoir um Árachas Neamhshaoil” ón Aontas Eorpach, foráiltear leis na hAchtanna Árachais Sláinte do ghnó árachais sláinte phríobháidigh a rialáil. Leagtar amach sa Treoir sin ceanglais an mhargaidh inmheánaigh do na Ballstáit i dtaobh árachas neamhshaoil, lena n-áirítear árachas sláinte. Leis an reachtaíocht Eorpach sin, ceadaítear do Bhallstáit aonair ceanglais shonracha na Treorach a ghlacadh sa tslí is cuí dá gcóras náisiúnta dlíthiúil féin agus dá gcóras náisiúnta cúram sláinte féin.

Is é seo a leanas Príomhchuspóir na nAchtanna Árachais Sláinte, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht:

“Is é príomhchuspóir an Achta seo a chinntiú go bhfuil, ar mhaithe le leas an phobail agus ar fud an mhargaidh árachais sláinte, rochtain ar chumhdach árachais sláinte ar fáil do thomhaltóirí seirbhísí sláinte gan aon idirdhealú á dhéanamh eatarthu (cibé acu is trí chreidmheasanna um chothromú fiontar nó trí bhearta dleachta stampa nó trí bhearta eile, nó trí aon teaghlaim díobh sin a chuirtear in éifeacht é), go háirithe maidir le costais seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar stádas fiontar sláinte, ar aois nó ar ghnéas, aon tomhaltóirí den sórt sin nó aon aicme tomhaltóirí den sórt sin nó ar cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, agus á chur i gcuntas go háirithe chun críocha an chuspóra sin:

- a) go méadaíonn ar riachtanais sláinte tomhaltóirí seirbhísí sláinte de réir mar is laige sláinte iad, lena n-áirítear de réir mar a dhruideann an tseanaois leo agus a thagann an tseanaois orthu;
- b) a inmhianaithe atá sé a chinntiú, ar mhaithe leis an dlúthpháirtíocht sochaí agus idirghlúine, agus gan féachaint do stádas fiontar sláinte, nó d’aois, aon ghlúine ar leith (ná aon chuid di) nó do cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, go ndéanfadh daoine árachaithe ualach costas seirbhísí sláinte a chomhroinnt eatarthu trí shocrú a dhéanamh maidir le fóirdheontas costais idir na daoine is láidre sláinte agus na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear idir daoine óga agus daoine aosta, agus, gan dochar do ghinearáltacht an chuspóra sin, go mbeidh rochtain, go háirithe, ag na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta, ar chumhdach árachais sláinte trí chreidmheasanna um chothromú fiontar;
- c) an modh ina n-oibríonn an margadh árachais sláinte i leith conarthaí árachais sláinte, i ndáil le gnóthais chláraithe aonair agus ar fud an mhargaidh; agus
- d) a thábhachtaí atá sé gnóthais chláraithe a chur ó bheith ag gabháil do chleachtais, nó ó chonarthaí árachais sláinte a thairiscint, cibé tríd an margadh árachais sláinte a dheighilt (trí cibé sás) nó ar shlí eile, a mbeidh mar chuspóir acu nó mar éifeacht leo fabhar a thabhairt do chumhdach a dhéanamh ag na gnóthais ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is láidre sláinte lena n-áirítear daoine óga, ar chumhdach a dhéanamh ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta.”

Is é atá i gceist le rátáil phobail ná bearta a chuirtear i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, d’fhonn an príomhchuspóir a bhaint amach.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis:

- Faireachán a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratais uaidh nó uaithe, nó ar a thionscnamh féin) i dtaobh cúrsaí árachais sláinte;

¹ An tOrdú um an Acht Árachais Sláinte, 1994 (An Lá Bunaithe), 2001 (I.R. Uimh. 40 de 2001).

- Faireachán a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is cuí, fógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú;
- Feidhmeanna áirithe a chur i gcrích maidir le dleacht stampa árachais sláinte agus le creidmheasanna um chothromú fiontar agus maidir leis an scéim um chothromú fiontar;
- Cibé gníomh is cuí leis a dhéanamh chun feasacht daoine den phobal a mhéadú maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” (“an Clár”) agus “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte” a chothabháil.

Féadfaidh an tÚdarás cibé cumhachtaí is gá a fheidhmiú chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Féadfaidh an tAire freagrachtaí breise a leagan ar an Údarás mar a fhoráiltear dóibh sna hAchtanna Árachais Sláinte.

3.1 Rialáil

3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Tá an córas rialála árachais sláinte phríobháidigh na hÉireann bunaithe ar na príomhphrionsabail seo a leanas: rátáil phobail, rollú oscailte, cumhdach saoil agus sochar íosta. Is é an aidhm atá leis a chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó ar na daoine a bhfuil an gá is mó acu leis. Is córas neamhchistithe é. Fágann sé sin nach ann do chiste a chuirtear le chéile le linn shaol an duine árachaithe a chumhdaíonn na costais ar éilimh is dóigh a bheidh i gceist. Ina ionad sin, déanann gach árachóir an t-airgead ó dhaoine árachaithe a chomhthiomsú agus tógtar costas na n-éileamh in aon bhliain amháin amach ó na cistí ansin.

Sa chomhthéacs sin, ní mór coincheap na rátála pobail a thuiscint. Fágann sé nach dtéann an leibhéal frontair a chruthaíonn tomhaltóir ar leith d'árachóir i bhfeidhm ar an bpréimh a íocann sé/sí. I bhfocail eile, gearrtar an t-aon phréimh amháin ar gach duine i leith plean ar leith, beag beann ar aois, ar inscne nó ar shláinte an duine faoi láthair nó amach anseo. Tá sé sin faoi réir eisceachtaí a bhaineann le leanaí faoi bhun 18 mbliana, le lascaíní do chomhaltaí de ghrúpscéimeanna, le haosaigh óga agus le lódlácha rátála pobail saoil.

Fágann rollú oscailte agus cumhdach saoil nach mór d'árachóirí sláinte glacadh le gach iarrthóir ar árachas sláinte, ach amháin in imthosca teoranta atá sonraithe sa reachtaíocht. Tá an ceart ag gach tomhaltóir freisin a c(h)uid polasaithe a athnuachan is cuma cad is aois dó/di nó is cuma faoi shláinte an duine sin.

Faoi na Rialacháin um Shochar Íosta, ní mór leibhéal íosta áirithe sochar a sholáthar i ngach táirge árachais lena soláthraítear cumhdach i leith cóireáil ospidéal d'othair chónaitheacha. Meastar go bhfuil sé riachtanach an leibhéal íosta sochar a rialáil mar gheall ar chineál casta agus speisialaithe táirgí árachais sláinte phríobháidigh. Gan rialáil a bheith ann, d'fhéadfadh go soláthrófaí táirgí do thomhaltóirí nach soláthraítear leibhéal cuí cumhdaigh leo.

Tá cothromú frontair ina phróiseas a bhfuil mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar na difríochtaí ar chostais éilimh árachóirí a eascraíonn as athruithe ar shláinte a gcomhaltaí. Baineann cothromú frontair le híocaíochtaí le hárachóirí nó uathu maidir le próifíl frontair a gcuid comhaltaí. Is sásra coitianta é cothromú frontair i dtíortha ina bhfuil árachas sláinte rátála pobail i bhfeidhm.

3.1.2 Forbairtí Rialála sa bhliain 2018

Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2018, i mí na Nollag 2018. Leis an Acht, leasaíodh an tAcht Árachais Sláinte, 1994 mar seo a leanas:

- Méid na bpréimheanna atá le híoc ón gCiste um Chothromú Fiontar a shonrú i leith aicmí áirithe daoine árachaithe ón 1 Aibreán 2019 i leith;
- An líon uasta comhaltaí de Bhord an Údaráis a mhéadú ó chúigear go seachtar agus an córam a mhéadú ó thriúr go ceathrar;
- Leasú a dhéanamh ar phríomhfhéidhm Vhi um Chúram Sláinte chun feidhm nua a thabhairt dó chun gníomhú mar árachóir i dteannta gníomhú mar ghníomhaire i leith cumhdach árachais sláinte a sholáthar de bhun plean cúraim sláinte idirnáisiúnta;
- Leasú iarmhartach a dhéanamh ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999; agus
- Foráil a dhéanamh do nithe gaolmhara.

Ceanglaítear ar árachóirí a dhíolann conarthaí árachais sláinte le daoine a bhfuil “gnáthchónaí sa Stát” orthu bheith cláraithe leis an Údarás agus forálacha na nAchtanna Árachais Sláinte a chomhlíonadh. Chinn an tÚdarás go gciallaíonn “gnáthchónaí sa Stát” i leith mic léinn nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch dóibh freastal ar chúrsa staidéir ar mó a fhad ná bliain acadúil amháin. Sa bhliain 2016, scríobh an tÚdarás chuig roinnt árachóirí a bhí ag díol na gconarthaí sin (nó ag smaoinreamh ar iad a dhíol) chun an cinneadh sin a chur in iúl dóibh. Níor ghlac Chubb European Group Limited leis an gcinneadh agus, dá bharr sin, sheirbheáil an tÚdarás Fógra Forfheidhmiúcháin air i mí an Mhárta 2017.

Thionscain Chubb European Group Limited dhá imeacht ar leith san Ard-Chúirt an 4 Bealtaine 2017 i dtaca leis an bhFógra Forfheidhmiúcháin. Bhí Chubb ag iarraidh Ordú lena neamhneofaí an Fógra Feidhmiúcháin. Anuas air sin, bhí sé ag iarraidh Ordú lena neamhneofaí an cinneadh ón Údarás ar cad is ciall leis an téarma “gnáthchónaí sa Stát” i leith mic léinn nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch dóibh.

Thug an Breitheamh Tara Burns breithiúnas ar an achomharc reachtúil agus ar an athbhreithniú breithiúnach araon an 22 Deireadh Fómhair 2018. Sa dá chás sin, dhiúltaigh sí do na hargóintí a rinne Chubb agus dhiúltaigh sí do na faoisimh a raibh Chubb ar a lorg a dheonú. D'aontaigh sí leis an sainmhíniú agus an cinneadh ar tháinig an tÚdarás orthu go gciallaíonn “gnáthchónaí sa Stát” i leith mic léinn nach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch dóibh freastal ar chúrsa staidéir ar mó a fhad ná bliain acadúil amháin.

D'iarr Chubb cead chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an bhreithiúnais ón Ard-Chúirt i suí de chuid na hArd-Chúirte an 18 Nollaig 2018. Níor chuir an tÚdarás in aghaidh an iarrtais ó Chubb ar chead chun achomharc. D'áitigh sé, áfach, nach ndeonófaí an cead chun achomharc ach amháin i leith ceisteanna dlí a saináithníodh san Ordú lena ndeonófaí cead chun achomharc.

Chuir an tÚdarás imní in iúl go gcruthódh na himeachtaí leanúnacha sin neamhchinnteacht shuntasach sa mhargadh árachais sláinte agus go bhféadfadh siad buntáiste míchothrom suntasach a thabhairt do Chubb thar rannpháirtithe eile sa mhargadh. D'iarr an tÚdarás freisin go mbrostófaí éisteacht an achomhairc. D'fhorchoimeád an Breitheamh Burns an bhreith uaithe go dtí an 11 Eanáir 2019.

An 11 Eanáir 2019, dheonaigh an Breitheamh Burns cead chun achomharc chun na Cúirte Achomhairc do Chubb ar gach ceist dlí a tarraingíodh anuas sa bhreithiúnas ón Ard-Chúirt. Is ann do riaráiste cásanna atá le héisteacht ag an gCúirt Achomhairc faoi láthair. Mar thoradh air sin, is dócha nach n-éistfean an t-achomharc go dtí an bhliain 2020.

Tugadh Rátáil Phobail Saoil isteach i margadh árachais sláinte phríobháidigh na hÉireann an 1 Bealtaine 2015. Tar éis iarraidh a fháil ón Aire Sláinte, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar an Rátáil Phobail Saoil sa bhliain 2017. Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú, rinneadh roinnt leasuithe i mí an Mheithimh 2018 ar an reachtaíocht lena rialaítear Rátáil Phobail Saoil a tugadh isteach le hIonstraim Reachtúil Uimh. 224 de 2018. Ba iad seo a leanas na príomhathruithe:

- Tugtar creidmheas ar feadh thréimhsí a gcomhaltais do chomhaltaí de Bhuan-Óglaigh na hÉireann agus de Chomhscéim um Árachas Breoiteachta an Aontais Eorpaigh, ar choinníoll go n-éiríonn an duine ina d(h)uine árachaithe an 1 Meán Fómhair 2018 nó ina dhiaidh agus laistigh de naoi mí óna gcomhaltas a chríochnú.
- Tugtar creidmheas ar feadh na tréimhse a chónaigh siad lasmuigh d'Éirinn do dhaoine a chónaigh sa Stát an 1 Bealtaine 2015 agus a bhog ina dhiaidh sin chun cónaí lasmuigh d'Éirinn an 1 Samhain 2018 nó ina dhiaidh, ar choinníoll go gceannaíonn siad árachas sláinte príobháideach othair chónaithigh laistigh de naoi mí ó fhilleadh ar Éirinn dóibh.
- Tugtar creidmheas ar feadh sé mhí nó níos mó do dhaoine a chealaigh a n-árachas tar éis dóibh bheith árachaithe roimhe sin ar feadh trí bliana ar a laghad. Tabharfar creidmheas dóibh as aon thréimhsí neamhchumhdaigh a thosaíonn an 1 Feabhra 2019 nó ina dhiaidh. Is teoranta do thrí bliana ar a mhéad atá an tréimhse ina bhféadfar creidmheasanna a thabhairt.

Leibhéal Cumhdaigh

Faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, cinneann an tÚdarás cad iad na cineálacha conarthaí árachais sláinte ar conarthaí Neamh-Bhreisumhdaigh iad. Baineann na leibhéil is ísle de chreidmheasanna um chothromú fiontar agus den tobhach rátála pobail le conarthaí den sórt sin. De réir an tsainmhínithe atá ar chonradh Neamh-Bhreisumhdaigh, soláthrófar leis an gconradh do nach mó ná 66% den chostas iomlán ar tháillí ospidéal in ospidéal príobháideach nó nach mó ná na híocaíochtaí íosta forordaithe faoi na Rialacháin um Shochar Íosta, cibé acu is airde. Más deimhin leis an Údarás gur Conradh Neamh-Bhreisumhdaigh é cineál conartha árachais sláinte, sonrúidh sé an méid sin i Rialacháin agus ar Chlár na gConarthaí Árachais Sláinte. Níor fhógair an tÚdarás aon Rialacháin le linn na bliana 2018.

An 1 Eanáir 2019, bhí 31 chineál conarthaí árachais sláinte ann ar shonraigh an tÚdarás gur conarthaí Neamh-Bhreisumhdaigh iad. Bhí 31 cheann ann an 1 Eanáir 2018. Tá cineál conartha Neamh-Bhreisumhdaigh amháin ar a laghad ag gach ceann de na Gnóthais Chomhaltais Oscailte. An 1 Eanáir 2019, bhí 302 chineál conarthaí árachais sláinte ann ar chonarthaí Breisumhdaigh iad. Bhí 297 gcinn ann an 1 Eanáir 2018.

3.1.3 Scéim na hÉireann um Chochothromú Fiontar

An Scéim um Chochothromú Fiontar 2016-2020

Fógraíodh an Scéim um Chochothromú Fiontar 2016 – 2020 don Choimisiún Eorpach mar chineál Státchabhrach atá ag luí leis an margadh inmheánach. Luaigh an Coimisiún Eorpach i mí Feabhra 2016 nach ndéanadh sé aon agóid in aghaidh na scéime cabhrach fógartha sin.

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe den Scéim um Chothromú Fiontar:

- Íoctar creidmheasanna um chothromú fiontar amach ón gCiste um Chothromú Fiontar (“an Ciste”) atá á oibriú ag an Údarás.
- Tá éagsúlacht ann maidir leis na creidmheasanna um chothromú fiontar is iníoctha i leith préimheanna, agus iad ag brath ar aois, ar inscne agus ar an leibhéal cumhdaigh. Chun iomaíocht a chosaint, socraítear na creidmheasanna chun nach dóigh go mbeidh an glan-mheánchostas réamh-mheasta éilimh le haghaidh aon aoisghrúpa a fhaigheann creidmheasanna aoischoibhneasa faoi bhun 125% de ghlan-mheánchostas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh.
- Tá creidmheasanna um chothromú fiontar iníoctha i leith éilimh ospidéal freisin. Go háirithe, tá méid seasta iníoctha ón gCiste i leith gach fanacht thar oíche agus cás lae atá ag duine árachaithe i gcóiríocht ospidéal phríobháidigh nó in ospidéal a chistítear go poiblí i gcás go bhfuil muirear i leith fanacht den sórt sin iníoctha faoi alt 55 den Acht Árachais Sláinte, 1970. Laghdaíonn sé sin an costas is gá don árachóir a íoc i leith na daoine is laige sláinte a árachú.
- Aisghabhann an Ciste costas na gcreidmheasanna trí thobhach rátála pobail a athraíonn idir leanaí agus aosaigh agus idir dhá leibhéal cumhdaigh (Breischumhdach agus Neamh-Breischumhdach).

Déanann árachóirí íocaíochtaí tobhaigh rátála pobail leis na Coimisinéirí loncaim, a aistríonn an t-airgead ar aghaidh chuig an gCiste ansin. Is amach ón gCiste a íocann an tÚdarás creidmheasanna um chothromú fiontar leis na hárachóirí. Tugtar aon bharrachais nó aon easnaimh sa Chiste ar aghaidh agus cuirtear san áireamh iad nuair a bhíonn méideanna tobhaigh amach anseo á gcinneadh.

Leagtar amach sna hAchtanna Árachais Sláinte an próiseas a bhaineann le creidmheasanna um chothromú fiontar a shocrú:

- Déanann an tÚdarás meastóireacht agus anailís gach sé mhí ar shonraí éileamh faoin daonra árachaithe agus ar shonraí eile atá sna tuairisceáin a fhaightear ó árachóirí.
- Dhá uair sa bhliain, eisíonn an tÚdarás tuarascáil chuig an Aire maidir leis an meastóireacht agus leis an anailís a rinne sé ar na tuairisceáin sin. Is é atá sa dara tuarascáil moltaí maidir le méideanna na gcreidmheasanna um chothromú fiontar agus méideanna na dtobhach rátála pobail. Sna moltaí sin, tugtar aird ar phríomhchuspóir na nAchtanna Árachais Sláinte, ar an aidhm chun róchúiteamh a sheachaint, ar an aidhm chun inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus ar an aidhm chun iomaíocht chothrom oscailte a bheith ann.
- Má mholann an tAire athrú ar na Creidmheasanna um Chothromú Fiontar, déanfar é sin trí leasuithe a mholadh ar na hAchtanna Árachais Sláinte, ina sonraítear méideanna na gcreidmheasanna.
- Agus aird á tabhairt aige ar an Tuarascáil ón Údarás, ar an bpríomhchuspóir, ar an aidhm chun róchúiteamh a sheachaint, ar an aidhm chun inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus ar an aidhm chun iomaíocht chothrom oscailte a bheith ann, féadfaidh an tAire moltaí a dhéanamh don Aire Airgeadais maidir le méideanna na dtobhach rátála pobail, dá bhforáiltear sna hAchtanna Comhdhlúite Dleachtanna Stampa.
- Tabharfar méideanna na gcreidmheasanna um chothromú fiontar agus na dtobhach rátála pobail isteach sa dlí má achtaíonn an tOireachtas iad.

Rátaí Cothromú Fiontar a bhí i bhFeidhm sa bhliain 2018

Is leagtha amach in Aguisín E atá rátaí na gcreidmheasanna um chothromú fiontar agus an tobhaigh rátála pobail a bhí i bhfeidhm le haghaidh conarthaí arna dtosú agus arna n-athnuachan sa bhliain 2018.

I gcás conarthaí arna scríobh ón 1 Aibreán 2017 go dtí an 31 Márta 2018, socraíodh na creidmheasanna um chothromú fiontar chun gur ní ba lú ná 130% de mheánchostas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh, nó comhionann leis, a bheadh costas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh (glan ar chothromú fiontar) do gach aoisghrúpa ó 65-69 bliain d’aois agus níos sine. (Gan chothromú fiontar, comhionann le suas le 400% de mheánráta éilimh an mhargaidh a bheadh an ráta réamh-mheasta éilimh d’aoisghrúpaí níos sine). Socraíodh an tobhach rátála pobail ag an méid réamh-mheasta ionas go bhféadfadh sé na creidmheasanna a chistiú. Bhí an tobhach do phleananna Neamh-Breischumhdaigh comhionann le 50% den ráta a bhí i bhfeidhm do phleananna Breischumhdaigh.

I gcás polasaithe arna dtosú ón 1 Aibreán 2018 go dtí an 31 Márta 2019, socraíodh na creidmheasanna um chothromú fiontar chun gur ní ba lú ná 130% de mheánchostas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh, nó comhionann leis, a bheadh costas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh (glan ar chothromú fiontar) do gach aoisghrúpa ó 65-69 bliain d'aois agus níos sine. Socraíodh an tobhach rátála pobail ag an méid réamh-mheasta ionas go bhféadfadh sé na creidmheasanna a chistiú. Bhí an tobhach do phleananna Neamh-Bhreischumhdaigh comhionann le 40% den ráta a bhí i bhfeidhm do phleananna Breischumhdaigh.

Rátaí Cothromú Fiontar a bheidh i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2019

Le linn na bliana 2018, fuair an tÚdarás tuairisceáin faisnéise don dara leath den bhliain 2017 agus don chéad leath den bhliain 2018 ó gach ceann de na Gnóthais Chomhaltais Oscailte. Cuireadh tuarascálacha maidir leis na meastóireachtaí agus leis na hanailísí ar na tuairisceáin sin faoi bhráid an Aire i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair 2018. Áiríodh leis an Tuarascáil i mí Mheán Fómhair 2018 na moltaí ón Údarás maidir le méideanna na gCreidmheasanna um Chothromú Fiontar agus na dTobhach Rátála Pobail do pholasaithe arna dtosú an 1 Aibreán 2019 nó ina dhiaidh.

Ba leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2018, a tugadh éifeacht do na rátaí a bheidh i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2019, agus tá na rátaí sin leagtha amach in Aguisín E. Socraíodh na creidmheasanna sin chun gur ní ba lú ná 130% de mheánchostas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh, nó comhionann leis, a bheadh costas réamh-mheasta éilimh an mhargaidh (glan ar chothromú fiontar) do gach aoisghrúpa ó 65-69 bliain agus níos sine.

Socraíodh an tobhach rátála pobail ag an méid réamh-mheasta ionas go bhféadfadh sé na creidmheasanna a chistiú. Bhí an tobhach do phleananna Neamh-Bhreischumhdaigh comhionann le 40% den ráta a bhí i bhfeidhm do phleananna Breischumhdaigh.

Measúnú ar Róchúiteamh

Ceanglaítear ar an Údarás measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an Scéim um Chothromú Fiontar aon árachóir a róchúiteamh.

- Uair amháin sa bhliain, ceanglaítear ar árachóirí cuntais bhrabúis agus chaillteanais agus cláir chomhardaithe don bhliain airgeadais roimhe sin, sa mhéid is go mbaineann siad le gnó árachais sláinte in Éirinn, a sholáthar don Údarás faoin 1 Bealtaine;
- Déanann an tÚdarás measúnú ar cé acu a rinne nó nach ndearna an scéim um chothromú fiontar aon árachóir a róchúiteamh, a chumasaigh iad níos mó ná brabús réasúnach a thuilleamh. Tá an measúnú ar cé acu a thagann nó nach dtagann róchúiteamh as an Scéim um Chothromú Fiontar 2016-2020 bunaithe ar cé acu is mó nó nach mó ná 4.4% in aghaidh na bliana atá an Toradh a bhaineann glantairbhí amach ar Dhíolachán, comhlán ar athárachas agus gan gníomhaíochtaí infheistíochta a áireamh. Ríomhfar an méid sin ar bhonn rollach trí bliana. Is sa bhliain 2019 a dhéanfar an chéad tástáil róchúitimh den sórt sin. Féachfar inti ar an tréimhse 2016-2018, agus an dá bhliain sin a áireamh;
- Má chinneann an tÚdarás faoi na hAchtanna Árachais Sláinte go ndearnadh árachóir (ar glantairbhí de chuid na scéime um chothromú fiontar é) a róchúiteamh, eiseoidh an tÚdarás dréacht-tuarascáil chuig an árachóir. Cuirfidh an tÚdarás aon aighneacht a fuarthas ón árachóir san áireamh ansin sula ndéanfaidh sé cinneadh deiridh ar cé acu a bhí nó nach raibh róchúiteamh ann; agus
- Má chinneann an tÚdarás go raibh róchúiteamh ann, eiseoidh sé tuarascáil chuig an Aire agus chuig an árachóir lena mbaineann, tuarascáil ina luafar méid an róchúitimh. Ní mór don árachóir méid an róchúitimh a aisíoc leis an gCiste ansin.

3.1.4 An Ciste um Chothromú Fiontar

Bunaíodh an Ciste um Chothromú Fiontar ("an Ciste") sa bhliain 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012. Faoin Acht sin, is é an tÚdarás atá freagrach as an gCiste a riar agus a chothabháil.

Tugadh Rialacháin an Achta Árachais Sláinte 1994, (Scéim um Chothromú Fiontar), 2013, isteach i mí Feabhra 2013. Leagtar amach sna Rialacháin sin na struchtúir a bhaineann le cur isteach na n-éileamh agus na dtuairisceán creidmheasa um chothromú fiontar ag gnóthais chláráithe chuig an Údarás agus na struchtúir a bhaineann le bailíochtú na n-éileamh sin ag an Údarás. Cuirtear éilimh eatramhacha isteach faoin 21ú lá den mhí a thagann go díreach tar éis na míosa lena mbaineann an t-éileamh eatramhach. A luaithe is deimhin leis an Údarás go bhfuil na creidmheasanna um chothromú fiontar dlite i gceart do ghnóthas, socróidh an tÚdarás go n-íocfar an méid atá dlite ón gCiste.

Is mar dhleacht stampa a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim an tobhach rátála pobail ó ghnóthais chláraithe ar bhonn ráithiúil. Bíonn sí le híoc ar an 21ú lá de gach dara mí tar éis dheireadh gach ráithe. Íocann na Coimisinéirí Ioncaim méid an tobhaigh ráithiúil isteach i gcuntas reatha an Chiste ansin. I gcás cistí nach bhfuil ag teastáil láithreach i gcuntas reatha an Chiste, infheistítear iad i Nótaí Státchiste. Is é is Nótaí Státchiste ann ná ionstraimí gearrthéarmacha fíachais arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Fostaíonn an tÚdarás sainchomhairleoirí iniúcháireachta inmheánaí chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar nósanna imeachta an Údaráis maidir leis an gCiste a riar. Déantar cuntais bhainistíochta a ullmhú agus a chur faoi bhráid Chomhaltaí an Údaráis ar bhonn míosúil.

3.1.5 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” (“an Clár”) a chothabháil. Foráiltear le halt 14 den Acht Árachais Sláinte, 1994, nach mór d’aon árachóir sláinte a sheolann gnó árachais sláinte in Éirinn clárú leis an Údarás agus deimhniú a fháil uaidh.

Ceanglaítear orthu iarratas a dhéanamh ar athnuachan ar chlárú gach bliain. Ar chlárú dóibh, eisítear deimhniú chuig an árachóir sláinte lena ndeimhnítear go bhféadfaidh an t-árachóir árachas sláinte príobháideach a thairiscint de réir théarmaí a chuid rialacha agus faoin reachtaíocht ábhartha.

Is ann do dhá chineál gnóthas árachais sláinte in Éirinn. Is éard atá i gceist le Gnóthais Chomhaltais Oscailte ná árachóirí sláinte nach mór dóibh glacadh le gach custaiméir ar mian leo árachas sláinte a fháil (faoi réir srianta áirithe teoranta mar atá sonraithe sa reachtaíocht). Is é is Gnóthais Chomhaltais Shrianta ann ná gairmscéimeanna den chuid is mó, a bhfuil a gcomhaltas srianta d’fhostaithe eagraíochtaí ar leith. Ní fhéadfar aon Ghnóthais nua Chomhaltais Shrianta a bhunú.

3.1.6 Clár na gConarthaí Árachais Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte” a chothabháil. Luaitear in alt 7AC den Acht Árachais Sláinte, 1994, go mbeidh an Clár i cibé foirm agus go mbeidh cibé sonraí ann a bhaineann le haon chineál conartha árachais sláinte atá ar tairiscint sa Stát de réir mar a shonróidh an tÚdarás. Is féidir ábhar an Chláir a iniúchadh ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag <http://www.hia.ie/consumer-information/register-of-health-insurance-contracts> nó in oifigí an Údaráis.

Fógraí faoi Tháirge

Ceanglaítear ar ghnóthais chláraithe samplaí de gach conradh nua nó athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis tráth nach déanaí ná 30 lá sula ndéanfaidh siad táirge den sórt sin a thairiscint den chéad uair.

Coinneoidh gnóthas gach tairiscint ar feadh tréimhse nach lú ná 60 lá ar na téarmaí agus coinníollacha céanna agus ní mór an táirge a thairiscint ar feadh tréimhse 12 mhí ach amháin i gcásanna ina bhfuil cúis mhaith shásúil ann le téarma eile.

Chuir árachóirí 1,149 sampla de chonarthaí nua/athbhreithnithe faoi bhráid an Údaráis sa bhliain 2018. Is líon é sin atá cosúil leis an líon fógraí a bhí ann sa bhliain 2017.

Athbhreithniú ar Fhógraí faoi Tháirge le haghaidh Comhlíonta

Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar shonraí gach fógra faoi tháirge chun a chinntiú nach bhfuil siad contrártha do na hAchtanna Árachais Sláinte. I gcás go bhfuil imní ar an Údarás faoi chonradh, díríonn sé aird an árachóra ar na gnéithe den chonradh a d’fhéadfaidh an reachtaíocht a shárú agus pléann sé an ní leis an árachóir. I ngach cás den sórt sin le linn na bliana, thug an t-árachóir aghaidh ar ábhair imní an Údaráis ach an conradh a leasú nó míniú sásúil a thabhairt ar an dóigh a gcomhlíonann an conradh an reachtaíocht.

Rinne an tÚdarás cigireacht ar an láithreán ar an Rátáil Phobail Saoil idir mí Iúil agus mí Lúnasa 2018. Ba é a bhí i gceist leis an ngné ar an láithreán den chigireacht ná go ndearnadh plé le baill foirne ábhartha, go ndearnadh iniúchadh céim ar chéim ar phríomhrialuithe Rátála Pobail Saoil agus ar nósanna imeachta iomchuí, agus gur roghnaíodh sampla chun dearadh agus cur chun feidhme na rialuithe a thástáil. Fuarthas amach sa chigireacht go bhfuil córais, nósanna imeachta agus rialuithe atá leordhóthanach i bhfeidhm ag árachóirí i dtaca leis an Rátáil Phobail Saoil. Is deimhin leis an Údarás gur dhear árachóirí a gcuid nósanna imeachta agus córas chun a chinntiú go ríomhfaí lódálacha i gceart.


3.2 Taighde agus Comhairle

3.2.1 Faireachán a Dhéanamh ar an Margadh Árachais Sláinte

Méid an Mhargaidh


Is é an margadh árachais sláinte an margadh is mó árachas neamhshaoil in Éirinn. B'ionann an t-ioncam préimhe sa bhliain 2018 agus €2.85bn. B'ionann é agus €2.66bn sa bhliain 2017. Bhí Gnóthais Chomhaltais Shrianta freagrach as €152m den iomlán sin. Thit na préimheanna in aghaidh an duine faoi 0.8% ar an meán sa bhliain 2018 (+3.7% sa bhliain 2017).

Bhí 2.22m duine san iomlán (leanaí san áireamh) árachaithe sa mhargadh árachais sláinte ag deireadh na bliana 2018, rud arbh ionann é agus 45% den daonra. Bhí an líon daoine a bhí árachaithe i mí na Nollag 2018 2.1% níos airde ná 12 mhí roimhe sin. Mhéadaigh an t-éileamh de réir mar a bhí an geilleagar ag fás (Féach Aguisín A, Tábla 1). Tá an líon daoine árachaithe ag méadú ó na míonna deiridh den bhliain 2014 i leith, tar éis an chúlaithe throm a bhí ann idir na blianta 2009 agus 2012. Ba é an buaiclón daoine árachaithe ná an 2.3m duine a bhí árachaithe ag deireadh na bliana 2008 (51% den daonra). Tá an daonra ag méadú faoi thart ar 1% sa bhliain ó go luath sa bhliain 2015 i leith.



Tá meán-aois an daonra ag méadú agus tá an céatadán den daonra atá sna haoischohoirt is sine ag ardú go seasta, rud atá ag cruthú éileamh méadaithe ar chúram sláinte. Tá an-éagsúlacht de réir aoise ann sa chéatadán den daonra a bhfuil árachas sláinte aige. Tá an céatadán sna haoisghrúpaí is sine ag méadú ar ráta níos gasta ná an meán. Dá bharr sin, tá an céatadán den daonra árachaithe atá os cionn 60 bliain d'aois ag méadú faoi 0.6% sa bhliain ó bhí an bhliain 2009 ann. Bhí sé cothrom le 22% ag deireadh na bliana 2018. Maidir leis an dá threocht (aosú an daonra agus aosú níos gasta i measc an chéatadán den daonra a bhfuil árachas sláinte aige), meastar go leanfaidh siad ar aghaidh sa mheántearma.

De ghnáth, tagann éilimh níos airde in aghaidh an duine árachaithe as aosú an daonra árachaithe de réir a chéile, fiú mura mbíonn aon mhéaduithe costais ann i soláthar cúram sláinte toisc gurb amhlaidh, ar an meán, go mbíonn éileamh níos mó ar chúram sláinte ann i measc daoine scothaosta.



Ag deireadh na bliana 2018, bhí trí Ghnóthas Chomhaltais Oscailte ag oibriú sa mhargadh (Vhi um Chúram Sláinte, Laya Healthcare agus Irish Life Health). Fuair Irish Life Health GloHealth mar éadail agus chumaisc sé oibríochtaí an dá chuideachta i mí Feabhra 2017. Agus sciar 95% den mhargadh aige sular osclaíodh an margadh don iomaíocht i lár na 1990í, b'ionann an sciar den mhargadh a bhí ag Vhi um Chúram Sláinte i mí na Nollag 2018 agus 50%. Bhí sciar 26% den mhargadh ag Laya Healthcare² agus bhí sciar 20% ag Irish Life Health. B'ionann an sciar comhcheangailte den mhargadh a bhí ag Gníothais Chomhaltais Shrianta agus 4% (Féach Aguisín A, Tábla 3).

Tá éagsúlacht shuntasach i sciartha margaidh ann de réir aoiseanna na ndaoine árachaithe, faoi mar atá leagtha amach in Aguisín C. Dá ainneoin sin, tá méid na héagsúlachta ag laghdú le blianta beaga anuas. Mar shampla, ag deireadh na bliana 2018, d'árachaigh Vhi um Chúram Sláinte 62% de na daoine sin idir 70 bliain d'aois agus 79 mbliana d'aois a raibh árachas acu, i gcomparáid le 72% díobh ag deireadh na bliana 2014.

Costas Árachais Sláinte agus Costais Éilimh Chúram Sláinte


B'ionann agus €1,210 an meánmhéid a íocadh as príomh árachais sláinte do chumhdach othair chónaithigh sa bhliain 2018. B'ionann é agus €1,220 sa bhliain 2017 agus €1,177 sa bhliain 2016. Tá na figiúirí sin bunaithe ar ollphréimheanna, ach laghdaíodh an meánfhiúir mar gheall ar phréimheanna do leanaí agus ar lascaín d'aoisigh óga³.

Bhí méadú ann sa bhliain 2018 sna héilimh a íocadh le hospidéal phoiblí, tar éis dóibh titim sa bhliain 2017. Mar thoradh ar an titim sa bhliain 2017, tháinig laghdú ar an meánphraghas ar feadh tréimhse go mall sa bhliain 2017 agus go luath sa bhliain 2018. Tháinig treocht na laghduithe praghais chun deiridh faoi dheireadh na bliana 2018. Bhí méadú 3% ann ar mheánluach na n-éileamh a íocadh in aghaidh an duine árachaithe sa bhliain 2018. Tháinig an méadú sin sna sála ar laghdú 1% sa bhliain 2017.

Le cúig bliana anuas, is cothrom le nialas atá an boilsciú foriomlán i bpraghsanna do thomhaltóirí. Níl ach boilsciú an-íseal ann san innéacs sláinte praghanna do thomhaltóirí le blianta beaga anuas freisin. Bhí méadú 0.2% sna praghanna ann sa bhliain 2018 agus bhí méadú 1.3% iontu ann sa bhliain 2017.

Léirítear sa chairt seo a leanas an t-athrú atá tagtha ar an ráta éileamh a íocadh in aghaidh an duine árachaithe idir na blianta 2014 agus 2018, agus an dá bhliain sin a áireamh. Chun an phríomh níos ísle a íoctar a léiriú, tugtar ualú d'aon trian do leanaí sna háirimh sin. Tá na figiúirí éileamh bunaithe ar shainmhíniú teicniúil ar "shochair fhillte" a thugtar sna Rialacháin um Thuairisceáin Faisnéise.

Sochair fhillte mhargaidh in aghaidh an duine árachaithe ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2018



Muirir d'Othair Phríobháideacha in Ospidéal Phoiblí

Ó thús na bliana 2014 i leith, tá feidhm ag na muirir nua ar chóiríocht príobháideach in ospidéal phoiblí, faoi mar atá leagtha amach san Acht Sláinte (Leasú), 2013. Cé go raibh roinnt muirear ní b'ísle ná mar a bhí siad roimhe sin, b'athrú suntasach é go mbeadh ar dhuine a tharscaoil an ceart atá aige/aici chun cóireáil a fháil go poiblí (agus a bheadh ina othar príobháideach dá bharr) íoc as muirear laethúil íosta €813 as gach oíche sa chuid is mó d'ospidéal ghéarmhíochaine phoiblí, beag beann ar shonrú na leapa ina raibh sé/sí (€407 ar leaba cás lae agus €1,000 ar sheomra aonair in aghaidh na hoíche). Is cosúil go ndeachaigh tamall thart sular imir an t-athrú sin aon tionchar ar an líon éileamh, agus an chuid is mó den mhéadú ar an líon éileamh ag teacht chun cinn sa bhliain 2015 agus éifeacht leantach de phointe éigin sa bhliain 2016. Tá laghdú tagtha le dhá bhliain anuas sna héilimh a íocadh le hospidéal

² Is idirghabhálaí árachais é Laya Healthcare Ltd a dhíolann na polasaithe árachais sláinte arna bhfrithghealladh ag Elips Insurance Limited, ar gnóthas é atá cláraithe leis an Údarás. Ní dhéanann an tÚdarás rialáil ar Laya Healthcare Ltd ach déanann Banc Ceannais na hÉireann rialáil air mar idirghabhálaí árachais.

³ I gcás na nglanphréimheanna a ghearrann árachóirí ar thomhaltóirí, laghdaítear iad mar gheall ar fhaoiseamh ó cháin ioncaim, rud is comhionann le 20% den ollphréimh suas go €200. Faigheann na hárachóirí an méid sin go díreach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

phoiblí, cé go bhfuil na héilimh a íocadh i bhfad níos airde ná mar a bhí siad roimh thabhairt isteach an chórais nua ghearrtha muirear.

Forbairtí Táirgí

Bhí 333 tháirge árachais sláinte lena ngabhann sochair d'othair chónaitheacha á margú ag deireadh na bliana 2018, i gcomparáid le 328 dtáirge ag deireadh na bliana 2017. Áirítear le gnéithe den mhargadh:

- Bhí 9% de na conarthaí árachais sláinte i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2018 faoi réir an ráta Neamh-Bhreis chumhdaigh níos ísle de dhleacht stampa, i gcomparáid le 10% ag deireadh na bliana 2017.
- Ag deireadh na bliana 2018, bhí polasaithe ag 8.4% den daonra árachaithe nár chumhdaigh gach ospidéal leo (8.2% ag deireadh na bliana 2017).
- Tá an margadh deighilte go pointe éigin. Gan gnóthais chomhaltais shrianta a áireamh, áracháíonn Vhi 52% den mhargadh de réir beatha daoine, ach áracháíonn sé 62% de dhaoine san aoischohórt 70-79 bliain agus 78% de dhaoine atá 80 bliain d'aois nó níos sine.
- Gan gnóthais chomhaltais shrianta a áireamh, tá sciar 56% den mhargadh ag Vhi ó thaobh ioncam préimhe de. Tá sciar 63% den mhargadh aige ó thaobh na n-éileamh a íocadh de, gnóthais chomhaltais shrianta san áireamh. I gcás na n-árachóirí eile, áfach, is sna haoisghrúpaí is óige, de réir beatha daoine, atá na sciartha is mó den mhargadh acu. Faigheann Vhi um Chúram Sláinte glansochar suntasach ón scéim um chothromú fiontar, rud a bhaineann go príomha le haoisphróifíl níos sine a chustaiméirí. Ar an taobh eile, bíonn glaneasnaimh ón scéim ag Laya Healthcare agus ag Irish Life Health. Rinneadh cur síos ar an Scéim um Chochothromú Fiontar i gcuid 3.1.3 thuas.
- Fágann an tionchar atá ag gnéithe spriocdhírthe táirgí agus an tionchar atá ag an difríocht i bpréimheanna do tháirgí difriúla go n-íocann daoine os cionn 60 bliain d'aois préimheanna atá 30% níos airde ar an meán (agus iad 33% níos airde sa bhliain 2017) ná na préimheanna a íocann daoine faoi bhun 60 bliain d'aois le haghaidh na leibhéal cumhdaigh is mó éileamh. Is é is dóichí go mbeidh gá níos mó ag tomhaltóirí níos sine le lánchumhdach ortaipéideach, rud nach raibh ar fáil ach amháin le polasaithe costasacha le dhá cheann de na trí árachóir rollaithe oscailte ag deireadh na bliana 2018. Ar an meán, is mian le tomhaltóirí níos sine leibhéal níos fearr cumhdaigh ospidéal a bheith acu i gcomparáid le tomhaltóirí níos óige. De bhreis air sin, is féidir go mbeidh siad níos drogallaí pleannanna agus/nó árachóirí a athrú.

3.2.2 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachais Sláinte

Coimisiúnaíonn an tÚdarás taighde ar thomhaltóirí sa mhargadh árachais sláinte gach dhá bhliain. Rinneadh an babhta is deireanaí de thaighde ar thuairimí i mí Dheireadh Fómhair 2017. Foilsíodh na torthaí i mí Feabhra 2018. Is féidir amharc ar an taighde sin ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag <http://www.hia.ie/publication/consumer-surveys/2018>

Sa suirbhé, ba réasúnta ard a bhí an tsástacht le cuideachtaí árachais sláinte. Tá sástacht ag méadú go comhsheasmhach sna critéir go léir ón mbliain 2013 i leith. Baineann na leibhéil sástachta is airde le méid agus soiléire na faisnéise a thugann cuideachtaí árachais sláinte.

Tá fianaise ann go bhféadfadh go bhfuil buaic sroichte ag an minicíocht a athraítear soláthraithe. Níl a soláthraí athraithe riamh ag níos lú ná duine amháin as gach ceathrar (22%), figiúr atá cosúil leis na torthaí sa bhliain 2015 (24%). I measc na ndaoine sin nach bhfuil a soláthraí athraithe acu riamh, níor smaoinigh ach 10% díobh ar athrú a dhéanamh. Thit an figiúr sin ó bhuaicfhigiúr 20% sa bhliain 2013. Tá ag méadú ar na cúiseanna a n-athraítear soláthraithe. I measc na ndaoine sin a d'athraigh a soláthraí, níor luadh breithniúcháin chostais chomh minic is a bhí amhlaidh roimhe sin (cé go bhfuil siad ar an toisc is mó fós). Luaigh 54% de dhaoine a d'athraigh a soláthraí gur thoisc é praghas sa bhliain 2017. Is laghdú suntasach é sin ó 65% sa bhliain 2015. Ina theannta sin, bíonn ag méadú ar an tábhacht a bhaineann le cumhdach sochar agus le breithniúcháin seirbhíse.

Is as an gcatagóir shochdhéimeagrafach ABC1 a thagann 61% de dhaoine a bhfuil árachas sláinte acu, i gcomparáid le 41% den daonra i gcoitinne. Is pósta atá 68% d'aoisigh a bhfuil árachas sláinte acu, i gcomparáid le 55% d'aoisigh i sampla iomlán an tsuirbhé.

I measc na bpríomhchúiseanna a tugadh le hárachas sláinte a cheannach, bhí an costas a bhaineann le cóireáil leighis agus na tuairimí diúltacha atá ag daoine faoi chaighdeán na seirbhísí poiblí agus faoin easpa rochtana atá orthu. Creideann formhór na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu go gcuireann árachas sláinte ar chumas daoine dul go tosach na scuaine agus leibhéal níos fearr seirbhíse a fháil.

3.2.3 Taighde Coimisiúnaithe Eile

I mí Mheán Fómhair 2018, d'fhoilsigh an tÚdarás 'The Irish Healthcare System'. Is athbhreithniú stairiúil agus comparáideach ar chóras cúram sláinte na hÉireann é. Is páipéar taighde neamhspleách é a choimisiúnaigh an tÚdarás. Tá sé ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis (<https://www.hia.ie/publication/other-publications>). Tá an páipéar leagtha amach ina dhá chuid. I gCuid 1, tugtar forbhreathnú stairiúil ar chóras cúram sláinte na hÉireann ón mbliain 1718 go dtí an lá atá inniu ann. Pléitear ann na gnéithe sóisialta, reiligiúnacha, polaitiúla agus eacnamaíocha a chuaigh i bhfeidhm ar fhorbairt an chúraim sláinte in Éirinn. I gCuid 2, tugtar comparáid tagarmharcála idirnáisiúnta idir córas cúram sláinte na hÉireann mar atá sé i láthair na huaire agus na córais chomhfhreagracha sláinte i dtíortha forbartha eile, mar atá an Astráil, an Bheilg, an Ghearmáin, agus an Ríocht Aontaithe. Mionsonraítear sa tagarmharcáil chomparáideach sin cé na ceachtanna a d'fhéadfaidh Éire a fhoghlaim ó nithe ar éirigh leo agus ó nithe nár éirigh leo i gcórais eile chúraim sláinte.

I mblianta roimhe seo, fuair an tÚdarás tuarascáil óna shainchomhairleoirí airgeadais agus eacnamaíochta ar mheasúnú róchúitimh i dtaca leis an scéim um chothromú frontar, faoi mar a cheanglaítear leis na hAchtanna Árachais Sláinte. Mar sin féin, ní gá an chéad tuarascáil eile dá sórt a chur le chéile go dtí an bhliain 2019, de réir fhorálacha na hAchtanna Árachais Sláinte.

3.2.4 Comhairle

Cuireann an tÚdarás comhairle ar oifigigh ón Roinn Sláinte go rialta maidir le gnéithe éagsúla d'árachas sláinte. Buaileann sé le hoifigigh ón Roinn go rialta freisin. Ar na príomhthopaicí comhairle tá athruithe reachtacha ionchasacha a bhaineann le hárachas sláinte, athruithe féideartha agus forbairtí sa todhchaí sa scéim um chothromú frontar, agus forbairtí/sonraí sa mhargadh árachais sláinte.

Rinne an tÚdarás aighneacht chuig Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách de Buitléir, a bhfuil tuairisc tugtha aige anois don Aire Sláinte maidir le "Cleachtas príobháideach a bhaint d'ospidéal phoiblí" – atá ar cheann amháin de na mórthionscnaimh bheartais sa chlár Sláintecare ⁴. Tá an aighneacht ar fáil anois ar shuíomh Gréasáin an Údaráis (<https://www.hia.ie/publication/other-publications>).

⁴ "A bhfuil le Sláintecare, soláthrófar seirbhís cúram sláinte agus cúraim shóisialta a fhreastalóidh ar riachtanais ár ndaonra agus a mheallfaidh agus a choinneoidh na gairmithe cúram sláinte, na bainisteoirí agus na baill foirne is fearr. Thar thréimhse deich mbliana, soláthróimid seirbhís uilechoiteann sláinte a thairgfídh an cúram ceart san áit cheart ag an am ceart, agus tús áite á thabhairt do sheirbhísí príomhúla agus pobail a fhorbairt i gcomhthéacs beartais náisiúnta." (An Roinn Sláinte, An Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2019)

3.3 Leas Thomhaltóirí

3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin ó Thomhaltóirí

Áirítear leis na feidhmeanna atá ag an Údarás “cibé gníomh is cuí leis a dhéanamh chun feasacht daoine den phobal a mhéadú maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus maidir leis na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh” agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is gá, comhlíonadh na nAchtanna a chinntiú.

Laistigh den sainchúram sin, is é aidhm an Údaráis feasacht tomhaltóirí a mhéadú maidir lena gcearta agus cabhrú leo táirgí árachais sláinte a thuiscint. Ina theannta sin, déanann an tÚdarás faireachán ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn árachóirí do thomhaltóirí agus ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte.

Faisnéis do Thomhaltóirí

Cabhraíonn an tÚdarás le tomhaltóirí trí cheisteanna a fhreagairt faoi árachas sláinte agus trí chabhrú leo díospóidí a réiteach le hárachóirí. Sa bhliain 2018, b'ionann agus 4940 teagmháil (2017: 6291 teagmháil) an líon ceisteanna agus gearán a fuair an tÚdarás. Áirítear iad seo a leanas leis na hábhair ba choitianta a cuireadh in iúl don Údarás:

- Iarrataí ar chomparáidí idir táirgí árachais sláinte;
- Iarrataí ar fhoilseacháin faisnéise an Údaráis;
- Rátáil Phobail Saoil;
- Ceisteanna a bhaineann le tréimhsí feithimh;
- Ceisteanna maidir le táirgí árachais sláinte agus cumhdach plean;
- Cearta i dtaobh árachóirí a athrú;
- Beartais chealaithe árachóirí;
- An costas atá ar árachas sláinte príobháideach; agus
- Caighdeáin seirbhíse árachóirí;

Le linn na bliana 2018, rinne an tÚdarás idirghabháil rathúil ar son tomhaltóirí i dtaobh saincheisteanna a tháinig anuas maidir leis an árachas sláinte a bhí acu. Tá dhá shampla de chásanna ar thug an tÚdarás aghaidh orthu leagtha amach thíos.

Cás-Staidéar 1

Chuaigh mac le tomhaltóir i dteagmháil leis an Údarás chun a chur in iúl go raibh an tomhaltóir ina cónaí i dteach altranaís agus nach raibh sí in ann a insint don árachóir go dtugann sí údarás don mhac léi gníomhú thar a ceann, rud a n-éilíonn an t-árachóir é. Bhuail an mac isteach in oifig an árachóra agus litir ó aturnae ar láimh aige. Deimhníodh inti go bhfuil údarás aige déileáil le gnóthaí an tomhaltóra. Dá ainneoin sin, chuir an t-árachóir in iúl dó nach nglacfadh sé ach amháin le Cumhacht Aturnae.

Rinne an tÚdarás teagmháil le hárachóir an tomhaltóra chun a nósanna imeachta a fhiosrú. D'admhaigh an t-árachóir go ndearnadh botún le linn labhairt leis an ngearánach. Dheimhnigh an t-árachóir gur cheart na doiciméid a tugadh chuig an oifig a bheith leordhóthanach chun cead a thabhairt don mhac gníomhú thar ceann a mháthar.

Gheall an t-árachóir go gcuirfeadh sé athoiliúint ar bhaill foirne i ndéileáil le cásanna íogaire den sórt sin.

Cás-Staidéar 2

Rinne tomhaltóir teagmháil leis an Údarás chun fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear tréimhsí feithimh i bhfeidhm tar éis briseadh i gcumhdach. Chealaigh an tomhaltóir a plean ag an am athnuachana sa bhliain 2015. Tar éis briseadh i gcumhdach a mhair trí seachtaine déag go díreach, bhí sí ag iarraidh dul lena hárachóir an athuair tar éis roghanna eile a athbhreithniú. Chaith an t-árachóir leis an tomhaltóir mar chustaiméir nua, agus bhí tréimhsí feithimh i gceist leis mar thoradh ar an mbriseadh i gcumhdach.

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an árachóir sláinte chun léiriú an árachóra a cheistiú, toisc nár mhó ná trí seachtaine déag an briseadh i gcumhdach a bhí ag an tomhaltóir. D'admhaigh an t-árachóir go ndearna sé botún agus nár cheart tréimhsí feithimh tomhaltóra nua a bheith i bhfeidhm.

Gheall an t-árachóir go gcuirfeadh sé athoiliúint ar an ngníomhaire i gceist, go soiléireodh sé na rialacháin tréimhse feithimh dá fhoireann agus go ngabhfadh sé a leithscéal leis an tomhaltóir.

3.3.2 Suíomh Gréasáin

Is é suíomh Gréasáin an Údaráis Árachas Sláinte (www.hia.ie) an fhoinsé údarásach le haghaidh faisnéis neamhspleách faoi shaincheisteanna árachais sláinte. Déanann an tÚdarás cothabháil ar an suíomh Gréasáin, ar a soláthraítear faisnéis do thomhaltóirí de réir na bhfeidhmeanna um fhaisnéis tomhaltóirí a cuireadh ar an Údarás leis an Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Agus cuairt á tabhairt acu ar www.hia.ie, tá rochtain ag tomhaltóirí ar raon leathan ábhair a chuirtear i láthair go soiléir. Is féidir leo an t-ábhar sin a úsáid chun freagra a fháil ar a gceisteanna agus an fhaisnéis a theastaíonn uathu a fháil chun go mbeidh siad in ann an cinneadh is fearr a dhéanamh dóibh féin agus dá dteaghlach.

Áirítear leis an suíomh Gréasáin saoráid trínar féidir comparáid a dhéanamh idir pleananna, rud lena ligtear do thomhaltóirí na pleananna is oiriúnaí dóibh a roghnú bunaithe ar a gcúinsí féin agus sochair agus praghsanna a chur taobh le taobh chun comparáid a dhéanamh eatarthu. Leis an tsaoaráid sin, tugtar rochtain do thomhaltóirí ar shonraí gach plean ar an margadh. I mí Aibreáin 2019, seoladh an uirlis chomparáide uasghrádaithe. Mar thoradh ar an uirlis sin, is féidir le tomhaltóirí pleananna a chur i gcomparáid le chéile ar bhonn praghais, cumhdaigh, barrachais agus sochar. Is féidir le tomhaltóirí ceithre phlean ar a mhéad a chur i gcomparáid le chéile ag an aon am amháin anois.

Is féidir an uirlis a úsáid chun scagadh freisin de réir cineál ospidéal, cóiríochta, cumhdaigh, praghais, agus barrachais. Is féidir ceithre phlean ar a mhéad a chur i gcomparáid le chéile ag an aon am amháin. Is féidir leis an tomhaltóir gléasanna éagsúla a úsáid chun brabhsáil, lena n-áirítear fón, ríomhaire glúine agus ríomhaire deisce.

Fuair an suíomh Gréasáin breis agus 529,000 cuairt sa bhliain 2018.

3.3.3 Fógraíocht

Sheol an tÚdarás ár bhfeachtas bliantúil athnuachaint i mí na Nollag 2018 ach na meáin chlóite, an raidió, an teilifís agus fógraíocht dhigiteach a úsáid chun sealbhóirí polasaí a spreagadh a n-árachas sláinte reatha a athbhreithniú roimh dóibh athnuachan. Ós rud é go mbíonn a lán polasaithe le hathnuachan timpeall dheireadh na bliana, mhol an tÚdarás do shealbhóirí a bplean reatha agus a leibhéal cumhdaigh reatha a athbhreithniú ach suíomh Gréasáin an Údaráis ag www.hia.ie a úsáid toisc gur féidir go dtaispeánfaidh seiceáil comparáide go bhfuil siad in ann a gcumhdach sláinte reatha a choimeád ar chostas níos ísle nó plean níos oiriúnaí níos cost-éifeachtúla a fháil. Leagadh béim san fheachtas ar an tábhacht mhór a bhaineann le cumhdach a athbhreithniú chun roghanna níos oiriúnaí a fheiceáil roimh leanúint le hathnuachan.

Toisc go raibh laghdú ó 21% sa bhliain 2007 go 12% sa bhliain 2017 ann sa líon aosach idir 25 bliana d'aois agus 34 bliana d'aois a bhfuil árachas sláinte príobháideach acu, sheol an tÚdarás feachtas "Glaó chun Gníomhaíochta". Bhí an feachtas dírithe ar thomhaltóirí faoi bhun 35 bliana d'aois agus bhí sé mar aidhm leis iad a chur ar an eolas faoin margadh árachais sláinte phríobháidigh agus béim a leagan ar an bhfaisnéis atá ar fáil dóibh ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Leagadh béim san fheachtas ar an tábhacht mhór a bhaineann leis an bhfaisnéis cheart a fháil roimh chinneadh a dhéanamh ar árachas sláinte.

3.3.4 Na Meáin Shóisialta

Lean an tÚdarás le láithreach meán sóisialta a bhrú chun cinn sa bhliain 2018. Chomh maith leis sin, mhéadaíomar ár n-aschur meán sóisialta ach ábhar a phostáil ar bhealach sceidealaithe comhsheasmhach. Déantar é sin ar bhonn laethúil, agus seoltar postálacha go straitéiseach chun aird na gcomaitéirí maidine a tharraingt. Sna postálacha, tugtar faisnéis a bhaineann leis an suíomh Gréasáin agus tugtar naisc siar chuig www.hia.ie trí na hailt uainn. Mar thoradh ar rannpháirtíocht leantach an Údaráis sna meáin shóisialta, tá an tÚdarás ag feiceáil méadú sa trácht atá á threorú go díreach go dtí an suíomh Gréasáin ó na meáin shóisialta.

4 Gnóthaí Corparáideacha

4.1 Straitéis

Le linn na bliana 2018, d'fhorbair an tÚdarás plean straitéiseach don tréimhse trí bliana idir 2019 agus 2021, rud ina leagtar amach an Misean, na Croíluachanna, an Fhís, na Spriocanna, na Cuspóirí Straitéiseacha, na Rioscaí agus na Gníomhartha Maolaitheacha atá aige. Trí phleanáil ar aghaidh agus trí fheabhas leanúnach a dhéanamh, tá sé mar aidhm ag an Údarás leanúint lena ról agus lena sheirbhísí a neartú ar aon dul leis an sainchúram reachtúil atá air. Cuireadh an plean le chéile tríd an obair seo a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Straitéiseach an Údaráis don tréimhse 2016-2018;
- Ceardlanna straitéise lena mbaineann Comhaltaí agus Lucht Bainistíochta an Údaráis;
- Anailís mhionsonraithe LLDB (Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna, Bagairtí);
- Anailís mhionsonraithe PESTLE (tosca Polaitiúla, Eacnamaíocha, Sóisialta, Teicneolaíochta, Dlíthiúla, Timpeallachta);
- Príomhbhreithniúcháin agus príomhthosca tionchair don mhargadh agus don Údarás sna 3 bliana romhainn a shainaithint; agus
- An Plean Straitéiseach a ullmhú.

Tá an Plean ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag <https://www.hia.ie/strategic-plan>

Cuimsíonn na ráitis seo a leanas príomhchuspóir agus príomhdhíríú straitéiseach an Údaráis sna trí bliana atá le teacht.

Fís an Údaráis

“A bheith aitheanta mar rialálaí neamhspleách ar mhargadh Árachais Sláinte na hÉireann agus mar fhoinsé údarásach faisnéise agus comhairle ar an margadh sin.”

Misean an Údaráis

Is é an misean atá ag an Údarás:

“Rialálaimid an margadh árachais sláinte faoi na hAchtanna Árachais Sláinte. Le linn déanamh amhlaidh, déanaimid faisnéis margaidh agus taighde gaolmhar a bhailiú, a anailísiú agus a chomhroinnt, rud a chinntíonn comhlíonadh na hAchtanna agus a chuireann ar chumas an mhargaidh árachais sláinte obair go héifeachtach le leas tomhaltóirí, soláthraithe, déantóirí beartas agus geallsealbhóirí eile.”

Croíluachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás na luachanna seo a leanas lena gcur i bhfeidhm ina chuid gníomhaíochtaí: Is iad seo a leanas luachanna an Údaráis:

- gníomhú go neamhspleách, go neamhchlaon agus go macánta i gcónaí;
- oibriú ar bhealach éifeachtach gairmiúil;
- na sócmhainní faoina bhainistíocht a chaomhnú ar bhealach a chothaíonn muinín;
- dul i dteagmháil go gníomhach le tomhaltóirí agus le geallsealbhóirí eile agus fáilte a chur roimh smaointe agus roimh mholtaí nua ó gach foinse;
- bheith réamhghníomhach agus nuálach ó thaobh cur chuige de;
- trédhearcacht a chothabháil ina chuid gníomhaíochtaí uile; agus
- meas a bheith aige ar a chuid fostaithe.

Aithníonn an tÚdarás a thábhachtaí atá an Fhís, an Misean agus na Luachanna atá aige maidir le hardchaighdeán agus le sársholáthar seirbhíse a chothabháil agus is iad an Fhís, an Misean agus na Luachanna sin a threoraíonn é san obair sin.

4.2 Rialachas Corparáideach

An Cód Cleachtas maidir le Rialachas Corparáideach

Tá an Cód Cleachtas maidir le Rialachas an Údarás Árachas Sláinte bunaithe ar leagan nuashonraithe den “Chód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit” arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009. D’éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Cód Cleachtas athbhreithnithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) (an “Cód”), a tháinig in éifeacht an 1 Meán Fómhair 2016. Gabhann forálacha an Chóid athbhreithnithe in ionad na gcaighdeán ar eisigh an Roinn Airgeadais iad roimhe sin i mí Dheireadh Fómhair 2001 agus i mí na Bealtaine 2009.

Le cabhair ón Roinn Sláinte, d’athraigh an lucht bainistíochta doiciméid ábhartha chun dáta. Áiríodh leo téarmaí tagartha agus cairteacha scríofa, i measc nithe eile. Chomh maith leis sin, chomhlíon sé ceanglais an Chóid nua sa bhliain 2018.

Eitic in Oifigí Phoiblí

Tá an tÚdarás ar áireamh in Ionstraim Reachtuil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Comhaltaí an Údarás, agus na baill foirne ábhartha a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht sin.

Nochtadh Cosanta

I gcomhréir le halt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, chuir an tÚdarás nósanna imeachta ar bun d’fhostaithe reatha agus d’iarfhostaithe le haghaidh nochtadh cosanta a dhéanamh i dtaca leis an Údarás agus lena chuid oibre agus le haghaidh déileáil leis an nochtadh sin. Coinníonn an tÚdarás na nósanna imeachta sin ar bun freisin. Tugadh faisnéis scríofa i dtaca leis na nósanna imeachta sin do gach fostaí. Is féidir beartas an Údarás a fháil ar ár suíomh Gréasáin ag <https://www.hia.ie/about-us/governance>.

Ní dhearnadh aon nochtadh don Údarás faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, sa bhliain 2018.

Ceartha an Duine agus Comhionannas

I gcomhréir le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, chuir an tÚdarás nósanna imeachta ar bun chun deireadh a chur leis an idirdhealú, an comhionannas a chur chun cinn agus cosaint a thabhairt do chearta an duine atá ag na daoine a úsáideann seirbhísí an Údarás, ag na daoine a dtéann a chuid beartas i bhfeidhm orthu agus ag na daoine atá fostaithe ag an Údarás. Coinníonn sé na nósanna imeachta sin ar bun freisin.

Ní dhearnadh aon nochtadh don Údarás faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, i leith na bliana 2018.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Rinneadh na Cuntais Bhliantúla don bhliain 2018 don Údarás Árachas Sláinte agus don Chiste um Chothromú Fiontar (arna riar ag an Údarás) a ullmhú agus a chur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Rinne an Oifig na Cuntais a iniúchadh agus a cheadú agus tá siad leagtha amach i gCuid 5 den Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo.

Iníúcháireacht Inmheánach

Tar éis eisiúint an Chóid i mí Lúnasa 2016, rinne an Coiste Iníúcháireachta a Théarmaí Tagartha agus a Chairt a athbhreithniú agus a athrú chun dáta i mí Feabhra 2017 i gcomhréir le ceanglais an Chóid nua, agus d’éirigh sé ar an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca.

Tháinig an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huair sa bhliain 2018. Is féidir faisnéis faoi na comhaltaí den Choiste Iníúcháireachta agus Riosca agus faoin bhfreastal ar a chruinnithe sa bhliain 2018 a fháil sa Ráiteas Rialachais atá ann sna Cuntais atá leagtha amach i gCuid 5 den Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo. Chomhaontaigh an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca clár iniúchtaí inmheánacha agus, le linn na bliana 2018, d’iarr an Coiste ar BDO, na hiniúcháirí inmheánacha arna gceapadh ag an Údarás, roinnt iniúchtaí a dhéanamh thar a cheann. Rinne na hiniúcháirí inmheánacha iniúchtaí ar leith ar na rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm don Údarás Árachas Sláinte agus don Chiste um Chothromú Fiontar. Chomh maith leis sin, rinne siad athbhreithniú ar fhionnachtana iniúchta TF roimhe sin agus athbhreithniú ar chibearshláid. Rinne BDO iniúchtaí ar phleanáil leanúnachais ghnó agus ar fhaisnéis do thomhaltóirí a bhainistiú freisin. Tuarascálacha ar gach iniúchadh, a raibh cur síos ar an iniúchadh, fionnachtana an iniúchta agus tuairimí an lucht bainistíochta ar áireamh iontu, cuireadh iad faoi bhráid an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca agus faoi bhráid an Údarás. Bhuail an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca le hiniúcháirí inmheánacha agus le hiniúcháirí seachtracha araon le linn na bliana. Chuir coiste feidhmiúcháin an Údarás pleannanna gníomhaíochta le chéile chun aghaidh a thabhairt ar fhionnachtana na n-íniúchtaí agus ba é an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca a rinne faireachán ar na pleannanna sin.

Chomh maith leis sin, rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar na ráitis bhliantúla airgeadais agus ar an mbeartas bliantúil cuntasáíochta, ar bhainistíocht riosca, ar rialuithe inmheánacha, agus ar shaincheisteanna a bhain le luach ar airgead.

Bainistíocht Riosca

Le linn dó a ról agus a fheidhmeanna a chomhlíonadh, bíonn an tÚdarás neamhchosanta ar raon rioscaí straitéiseacha, oibriúcháin agus airgeadais. D'fhéadfadh na rioscaí sin teacht as foinsí inmheánacha nó foinsí seachtracha agus d'fhéadfadh siad dul i bhfeidhm go mór ar chumas an Údaráis a chuspóirí a bhaint amach.

Ar aon dul leis an "Treoir Bainistíochta Riosca do Ranna agus Oifigí Rialtais" ar eisigh an Roinn Airgeadais í i mí an Mhárta 2004 agus ar aon dul leis an gCód, shocraigh an tÚdarás fonn riosca na heagraíochta agus d'fhorbair sé beartais chun na rioscaí atá roimhe a shainaithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú. Cabhraíonn bainistíocht riosca éifeachtach leis an Údarás a bhainistíocht straitéiseach, oibriúcháin agus airgeadais a fheabhsú.

Tá Bainistíocht Riosca ar áireamh i dTearmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus tá sé de chúram díreach ar an gCoiste formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca. Buanmhír ar chlár oibre an Údaráis agus ar chlár oibre an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca araon is ea bainistíocht riosca. De bhreis air sin, is ar bhonn bliantúil a athbhreithníonn an tÚdarás na rioscaí atá sainaitheanta ar an gClár rioscaí agus a athbhreithníonn sé an plean bainistíochta le haghaidh na rioscaí sainaitheanta a mhaolú. Déanfar na rioscaí a shainaithnítear ar fud na bliana a chur leis an gClár Rioscaí ar bhonn leanúnach. Maidir le rioscaí ardchéimíúla (na rioscaí sin a rátáiltear mar rioscaí rabhaidh ómraigh nó rioscaí rabhaidh dheirg), rioscaí nua agus rioscaí atá ag athrú ar an gClár Rioscaí, athbhreithníonn an tÚdarás iad dhá uair eile sa bhliain.

Ba mar seo a leanas a bhí na rioscaí ardchéimíúla ar chlár rioscaí an Údaráis ag deireadh na bliana 2018:

Tábla 1 – Rioscaí Ardchéimíúla agus Gníomhartha Maolaitheacha ón gClár Rioscaí

Risk Definition	Mitigating Action
Tuiscint neamhileor i measc tomhaltóirí ar chumhdach árachais sláinte	<ul style="list-style-type: none"> Tugadh faoi obair ar fheidhm an Údaráis maidir le faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí, ar a phlean cumarsáide agus ar a fhógraíocht Comhairle a chur ar an Aire maidir le saincheisteanna margaidh agus saincheisteanna reachtacha Cód Cosanta Tomhaltóirí Bhanc Ceannais na hÉireann a bheith le comhlíonadh ag gach árachóir oscailte
Riosca go dtiocfadh saincheist cliste chun cinn maidir le suíomh Gréasáin an Údaráis	<ul style="list-style-type: none"> Nuashonruithe bogearraí agus slándála Nósanna imeachta cuí maidir le nuashonrú, seirbhísiú agus slándáil Slándáil an tsuímh Ghréasáin a thástáil ar bhonn tréimhsiúil Conradh seirbhíse le forbróirí inniúla suíomhanna Gréasáin
Riosca go gcaillfí príomhphearsana	<ul style="list-style-type: none"> Fáil ar sholáthraithe seachtracha seirbhíse Pleanáil Comharbais/Theagmhasach don Údarás agus don lucht bainistíochta a choinneáil ar bun agus a athbhreithniú gach bliain Pleanáil réamhghníomhach acmhainní Cúlchistí leordhóthanacha airgeadais a choinneáil ar bun
Riosca nach nglacfadh an Roinn Sláinte seilbh ar Scéim Aoisliúntais an Údaráis	<ul style="list-style-type: none"> Leanúint le teagmháil rialta leis an Roinn Sláinte agus leis an Roinn Cainteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Deighilt mhéadaithe riosca idir árachóirí agus laistigh d'árachóirí, rud a bhainfeadh an bonn den 'phríomhchuspóir'	<ul style="list-style-type: none"> An Scéim um Chothromú Fiontar An fheidhm maidir le faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí, an plean cumarsáide agus fógraíocht Forálacha reachtúla a bheith i gcomhréir leis na hAchtanna Árachais Sláinte Tuarascálacha a sheoltar dhá uair sa bhliain chuig an Roinn Sláinte ar thuairisceáin faisnéise a mheas agus a anailísiú Leanúint le comhairle a chur ar fáil maidir leis an gcóras um chothromú fiontar a nuashonrú agus a fheabhsú Faireachán a dhéanamh ar an difríocht sa mheánphréimh d'aoisghrúpaí difriúla Cód Cosanta Tomhaltóirí Bhanc Ceannais na hÉireann a bheith le comhlíonadh ag gach árachóir oscailte Tacú leis an Roinn Sláinte ina cuid oibre ar thomhais bhreisithe stádas sláinte a thabhairt isteach
Riosca go mbeadh árachóir neamhchláraithe nó eintiteas gaolmhar freagrach as neamhchomhlíonadh suntasach na reachtaíochta um árachas sláinte	<ul style="list-style-type: none"> Feidhm an Údaráis maidir le faireachán a dhéanamh ar an margadh agus ar an bhfaisnéis a thugtar Cumhachtaí forfheidhmiúcháin a thabhairt don Údarás Leasuithe reachtacha a mholadh don Roinn Sláinte nuair is cuí
Riosca oibriúcháin a d'éascródh as méid an Údaráis	<ul style="list-style-type: none"> Pleanáil chúil comharbais san eagraíocht Nósanna imeachta cuí íocaíochta, lena n-áirítear cead a thabhairt don fhoireann íocaíochtaí a dhéanamh nuair is gá Oiliúint mhéadaithe a chur ar an bhfoireann i bhfeidhmeanna breise a chomhlíonadh

Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás an reachtaíocht um Theangacha Oifigiúla agus coinníonn sé i dteagmháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ina leith sin.

Dhréachtaigh an tÚdarás an chéad Scéim Teanga uaidh faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Foráiltear le halt 11 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina mionsonrófar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge amháin;
- trí mheán an Bhéarla amháin; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon.

Agus an Scéim á cur le chéile aige, thug an tÚdarás aird ar na Treoirínte arna n-ullmhú faoi alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Dheimhnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an chéad Scéim Teanga ón Údarás Árachas Sláinte, a bhain leis an tréimhse 2017-2020. Tháinig sí in éifeacht an 9 Deireadh Fómhair 2017. Leagtar amach sa Scéim na bearta a ghlacfar chun a chinntiú go ndéanfar raon seirbhísí áirithe nach soláthraítear trí mheán na Gaeilge faoi láthair a sholáthar laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama. Tá an Scéim ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis ag www.hia.ie

Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminte

Lean an tÚdarás lena dhualgais a chomhlíonadh maidir le freagra a thabhairt ar iarrataí Saorála Faisnéise agus ar cheisteanna parlaiminte. Tháinig an tÚdarás faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise nuair a ritheadh na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (Comhlachtaí Forordaithe), 2006. Tháinig na Rialacháin sin in éifeacht an 31 Bealtaine 2006. Tá an tÚdarás fós faoi réir raon feidhme na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise tar éis achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Anuas ar phróiseáil a dhéanamh ar iarrataí a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, d'fhoilsigh an tÚdarás dhá leabhrán dar teideal "A Guide to the Functions of and Records Held by the Authority" agus "A Guide to the Rules, Procedures, and Practices of the Authority". Tugtar sa dá leabhrán sin treoir d'iarrthóirí faoin bpróiseas Saorála Faisnéise.

Cuirtear na treoirínte le chéile de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus foilsítear iad ar shuíomh Gréasáin an Údaráis. Rinneadh an tAcht nua um Shaoráil Faisnéise, 2014, a shíniú ina dhlí an 14 Deireadh Fómhair 2014, rud lenar tugadh éifeacht d'athruithe suntasacha ar an dóigh a bhfeidhmítear iarrataí Saorála Faisnéise. Rinne an tÚdarás a chuid beartas agus nósanna imeachta a leasú de réir na reachtaíochta nua.

I gcomhréir le halt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, rinne an tÚdarás Scéim Foilsitheoireachta a ullmhú agus a fhoilsiú agus aird á tabhairt ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcaachta agus na cuntasachta. Leis an Scéim Foilsitheoireachta, is féidir taifid a fhoilsiú agus a thabhairt ar bhealach oscailte inrochtana ar ghnáthbhonn lasmuigh den réim Saorála Faisnéise ar choinníoll nach bhfuil toirmeasc dlí ar an bhfoilsiú ná ar an tabhairt rochtana den sórt sin. Ceanglaítear leis an Scéim ar an Údarás faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá ghnáthghníomhaíochtaí gnó de réir na Scéime.

Fuair an tÚdarás dhá iarraidh Saorála Faisnéise le linn na bliana 2018 agus thug sé faisnéis i ndáil le hocht gceist parlaiminte.

Straitéis Cumarsáide

Tá beartas oscailteachta, comhairliúcháin agus plé le páirtithe leasmhara lena mbaineann i bhfeidhm ag an Údarás. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, le geallsealbhóirí agus le páirtithe leasmhara eile maidir le seirbhís rialála a sholáthar agus maidir lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

D'fhorbair an tÚdarás Plean Cumarsáide don bhliain 2018 i gcomhairle lena sholáthraithe seirbhíse cumarsáide. Tá sé mar aidhm leis an bPlean cabhrú leis an Údarás a Straitéis Chorparáideach a chur chun feidhme agus a chuid Spriocanna Corparáideacha agus Cuspóirí Straitéiseacha a bhaint amach trí chlár meáite éifeachtach gníomhaíochtaí cumarsáide.

Le linn na bliana 2018, ghlac an tÚdarás páirt i roinnt feachtas faisnéise, ar lena linn a bhain sé úsáid as gníomhaíochtaí spriocdhírthe caidrimh phoiblí agus as fógraíocht chun eolas agus tuiscint níos fearr a thabhairt don phobal faoin margadh árachais sláinte phríobháidí rátála pobail agus faoi athruithe ar oibriú an mhargaidh sin.

Bhí na príomhghníomhaíochtaí cumarsáide mar seo a leanas:

- Feachtas Fógraíochta Bliantúil um Athnuachan Polasaí
- Feachtas Fógraíochta Glao ar Gníomh ag díriú ar dhaoine faoi 35 bliain d'aois.

- Foilsíú 'The Irish Healthcare System', taighde neamhspleách an Údaráis ar Chúram Sláinte na hÉireann córas.
- Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis a fhoilsiú;
- Foilsíodh Nuachtlitreacha Ráithiúla an Údaráis;
- Foilsíú taighde neamhspleách tomhaltóra an Údaráis ar an tionscal árachas sláinte príobháideach;
- Ráiteas a fhoilsiú maidir le cinneadh na hArd-Chúirte Fógra Forfheidhmithe an HIA a chumhdach i gcoinne Chubb European Group plc
- Freagra a thabhairt ar cheisteanna ó na meáin maidir le raon ábhar a bhaineann le hárachas sláinte príobháideach lena n-áirítear
 - ◆ Muirir ar othair a bhfuil clúdach PHI orthu in ospidéal phoiblí;
 - ◆ Soláthraithe clúdaigh a athrú; agus
 - ◆ Gníomhaíochtaí frith-chalaoise i réimse an PHI;
- Cumarsáid leanúnach le tomhaltóirí trí bhealaí meán sóisialta.

Tomhaltas Fuinnimh

Leag an Rialtas sprioc ar an earnáil phoiblí coigilt éifeachtúlachta fuinnimh 33% a bhaint amach faoin mbliain 2020, figiúr atá cothrom le 3,240 GWh. Is ionann é sin agus 10% den choigilt fuinnimh a theastaíonn don gheilleagar iomlán faoin mbliain 2020 (leagadh sprioc náisiúnta ar an ngeilleagar ar fad coigilt 20% a bhaint amach). Chun an sprioc-choigilt a bhaint amach, forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP). I dteannta Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009, leagadh síos leo na hoibleagáidí agus na spriocanna seo a leanas:

- Ón 1 Eanáir 2011 i leith, cuirfidh gach comhlacht earnála poiblí ar áireamh i dtuarascálacha bliantúla uathu ráiteas ina ndéantar cur síos ar na bearta atá á ndéanamh acu chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú mar aon le measúnú ar an dul chun cinn atá déanta acu ar an sprioc 33% a bhaint amach;
- Cláir éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm le haghaidh Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Údaráis Áitiúla, na Seirbhíse Sláinte agus gach réimse eile den earnáil phoiblí;
- Cleachtais soláthair atá éifeachtúil ar fhuinneamh a chur chun feidhme; agus
- Ní mór Deimhniú Fuinnimh Taispeána a bheith ar taispeánt ag gach foirgneamh earnála poiblí os cionn 1,000 m² chun úsáid iarbhír fuinnimh agus Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh a thaispeáint.

Tá oifig amháin ag an Údarás, atá lonnaithe i dTeach na Canálach. Tá an oifig sin lonnaithe ar urlár amháin d'fhoirgneamh oifige iláitíochta atá faoi úinéireacht Construction Workers Pension Scheme Trustees Limited. Ní mó ná 1,000 m², ar ina leith atá Deimhniú Fuinnimh Taispeána ag teastáil, an t-achar urláir.

Tugann an tÚdarás tuairisc d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar a fheidhmíocht fuinnimh faoi I.R. Uimh. 542/2009 – Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009. Tá an tuarascáil ar idió fuinnimh bunaithe ar an gcéatadán d'fhoireann an Údaráis atá laistigh den fhoirgneamh ar fad.

Sa bhliain 2018, d'úsáid an tÚdarás 43.9 kWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta díobh seo a leanas:

- 30.3 kWh (2017: 29.9 kWh) de leictreachas agus
- 13.5 kWh (2017: 13.8 kWh) de bhreoslaí iontaise (téamh)

Léirítear sa ghráf seo a leanas feidhmíocht fuinnimh stairiúil an Údaráis. Cuimsítear ann an tréimhse ón mbliain 2009 (an bhliain bhonnlíne) go dtí an bhliain 2018.



Gníomhartha a Rinneadh faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2018:

- Bainistíodh teas ar aon dul le dálaí aimsire iarbhír;
- Athsholáthraíodh Teicneolaíocht Faisnéise agus trealamh eile le trealamh ní béifeachtúla ar fhuinneamh, de réir mar a bhí sé ag teastáil;
- Baineadh úsáid mhéadaithe as comhfhreagras digiteach nuair ab fhéidir; agus
- Leanadh le húsáid fhreagrach fuinnimh a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.

Gníomhartha atá beartaithe a dhéanamh faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh sa bhliain 2019:

- Gléasanna ilfheidhmiúla atá éifeachtúil ar fhuinneamh a fháil agus trealamh á athsholáthar;
- Leanúint le hobair le Construction Workers Pension Scheme Trustees Ltd agus lena ghníomhairí chun bearta chun úsáid fuinnimh a laghdú a thabhairt isteach nuair is féidir;
- Úsáid mhéadaithe as comhfhreagras digiteach a chur chun cinn; agus
- Leanúint le húsáid fhreagrach fuinnimh a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.

Tá an tÚdarás ar an mbóthar ceart le haghaidh coigilt éifeachtúlachta fuinnimh 33% a bhaint amach faoin mbliain 2020.

4.3 Acmhainní

Líon Foirne

Fostaíonn an tÚdarás aon bhall foirne dhéag.

Cistiú

Cistítear oibríochtaí an Údaráis trí thobhach a ghearrtar ar ghnóthais chláráithe de réir alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994. Socraíodh sna Rialacháin Tobhaigh 2010⁵ gurb é an ráta atá le híoc ag gnóthais chláráithe ná 0.12% d'ioncam préimhe na ngnóthas cláráithe. Le hIonstraim Reachtúil Uimh. 528/2014, Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17), 2014, rinneadh leasú eile ar an tobhach ioncaim, agus an ráta á shocrú ag 0.01% do na blianta 2015 agus 2016 agus ag 0.09% ón mbliain 2017 i leith. Tá an tobhach iníoctha leis an Údarás ar bhonn ráithiúil. Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar ghnóthais chláráithe sonraí faoi dhaoine árachaithe agus faoi ioncam préimhe a chur isteach. Déantar achoimre ar na staitisticí sin in Aguisín A. Tá Clár na nGnóthas Sochar Sláinte amhail an 31 Nollaig 2018 leagtha amach in Aguisín D.

⁵ Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17) (Leasú), 2010 (I.R. Uimh. 539 de 2010).

5 Tuarascáil agus Cuntais 2018

5.1 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Údaráis Árachas Sláinte don bhliain ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018

Chuíg an Aire Sláinte

De réir théarmaí alt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus a Chuntais don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi do bhráid.

An tÚdarás Árachas Sláinte

(“an tÚdarás”)

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

Clár Ábhar	Leathanach
Faisnéis faoin Údarás	29
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis	30
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	34
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	36
Ráitis Airgeadais	39

An tÚdarás Árachas Sláinte

Faisnéis faoin Údarás

Comhaltaí an Údaráis

Sheelagh Malin (Cathaoirleach)
An Dr Fiona Kiernan
Ian Britchfield

Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Don Gallagher

Rúnaí

Maeve Kearns

Baincéirí

AIB plc.,
40/41 Sráid Westmoreland,
Baile Átha Cliath 2.

Permanent TSB,
56/59 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1,
DO1PF72.

Oifigí

Teach na Canálach,
Bóthar na Canálach,
Baile Átha Cliath 6,
D06 FC93.

An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

Rialachas


Bunaíodh an tÚdarás le hordú ón Aire an 1 Feabhra 2001 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú) (“na hAchtanna Árachais Sláinte”). Le Sceideal 1 a ghabhann leis na hAchtanna Árachais Sláinte, bunaítear an tÚdarás mar chomhlacht corparáideach agus bunaítear na socrúithe le haghaidh an Cathaoirleach agus Comhaltaí den Údarás a cheapadh. Cuimsíonn an tÚdarás cúigear comhaltaí a gceapann an tAire Sláinte iad. Ceapann an Cathaoirleach duine amháin de na comhaltaí sin.

Chuir an tÚdarás Rialacha Gnó (Téarmaí Tagartha) i bhfeidhm. Leagtar amach iontu na socrúithe le haghaidh chomhaltas an Údaráis, le haghaidh cruinnithe a ghairm agus a sheoladh, le haghaidh ról Rúnaí an Údaráis, agus le haghaidh dhualgais agus fhreagrachtaí tuairiscithe an Údaráis. Tá na Rialacha ag teacht leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an “Cód”), ar fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016 é.

Tá feidhm ag na socrúithe sin maidir leis an gCiste um Chothromú Fiontar freisin, rud a bhfuil an tÚdarás freagrach as i gcomhréir leis an Acht.

Struchtúr Eagrúcháin

Struchtúr Eagrúcháin an Údaráis



Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in alt 21(1) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Tugann an tÚdarás tuairisc don Aire Sláinte maidir leis na socrúithe rialachais atá i bhfeidhm aige agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an bPríomhfheidhmeannach/an Cláraitheoir agus ar an bhfoireann ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an Údarás Árachas Sláinte a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach/an Cláraitheoir agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treo straitéiseach leathan a leagann an tÚdarás síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach Comhalta ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach/an Cláraitheoir mar idirghabhálaí díreach idir an tÚdarás agus an lucht bainistíochta.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá an obair a dhéanann an tÚdarás agus na freagrachtaí atá air leagtha amach i dTearmaí Tagartha an Údaráis, áit a bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonracha dá gcinneadh ag an Údarás leagtha amach freisin. Áirítear iad seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an tÚdarás:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó na coistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Ceanglaítear le halt 32(2) de na hAchtanna Árachais Sláinte ar na Comhaltaí den Údarás na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina gcuirtear a staid airgeadais in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 32(2) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Árachais Sláinte.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. An 16 Samhain 2018, rinne an tÚdarás meastóireacht ar fheidhmíocht na heagraíochta i gcomparáid leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaíocht agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste um Chothromú Fiontar a bhunú, a riar agus a chothabháil. Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as ráitis airgeadais don Chiste a tháirgeadh agus a cheadú.

Measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte agus an Chiste um Chothromú Fiontar araon ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an dá eintiteas ag an 31 Nollaig 2018.

Struchtúr an Údaráis

Cuimsíonn an tÚdarás Cathaoirleach agus ceathrar gnáthchomhaltaí, a gceapann an tAire Sláinte gach duine díobh. Ceapadh na Comhaltaí den Údarás ar feadh tréimhsí idir trí bliana agus cúig bliana agus tagann siad le chéile ar bhonn míosúil. Sa tábla ar an gcéad leathanach eile sonraítear an tréimhse cheapacháin do na Feisirí reatha:

Comhalta den Údarás	Ról	An Dáta a Ceapadh an Comhalta
Sheelagh Malin	Cathaoirleach	6 Bealtaine 2010 Athcheapadh í an 1 Feabhra 2016
Sean Coyle	Gnáthchomhalta	1 Feabhra 2016 D'éirigh sé as an ról an 31 Lúnasa 2018
An Dr Fiona Kiernan	Gnáthchomhalta	1 Feabhra 2016
James A. McNamara	Gnáthchomhalta	1 Feabhra 2016 Tháinig a théarma oifige chun deiridh an 25 Eanáir 2019
Ian Britchfield	Gnáthchomhalta	20 Meitheamh 2016

I mí Aibreáin 2019, rinne an tÚdarás féinmheasúnú bliantúil inar mheas sé a fheidhmíocht féin sa bhliain 2018.

Bhunaigh an tÚdarás coiste amháin, is é sin:

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:

A chuimsíonn beirt chomhaltaí ar a laghad den Údarás. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an Údarás maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le riosca, le rialú agus rialachas agus le dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisc don Údarás tar éis gach cruinnithe agus tugann sé tuairisc fhoirmiúil i scríbhinn don Údarás gach bliain.

Is iad seo a leanas na Comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Ian Britchfield (Cathaoirleach) agus Sheelagh Malin. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca sa bhliain 2018.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Údaráis agus an Choiste sa bhliain 2018 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansas a fuair gach Comhalta:

	An tÚdarás	An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca	Táillí 2018 €	Speansas 2018 €
An Líon Cruinnithe	11	4		
Sheelagh Malin	11	4	8,978	0
Sean Coyle	6	2	3,990	0
An Dr Fiona Kiernan	11		0	0
James A. McNamara	10		0	3,696
Ian Britchfield	10	4	5,985	448
			18,953	4,144

Ní bhfuair beirt Chomhaltaí den Údarás aon táille faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'. Ba iad sin: an Dr Fiona Kiernan agus James A. McNamara

Athruithe Príomhphearsanra

Bhí laghdú ann sa líon comhaltaí den Údarás toisc gur éirigh Sean Coyle as. D'éirigh Sean Coyle as a ról mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca freisin. Chuir James A. McNamara a théarma oifige i gcrích an 25 Eanáir 2019.

An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte ceanglais an Chóid. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

Costais Chomhairleachta

Níor tabhaíodh aon chostais chomhairleachta, seachas na costais 'gnó mar is gnách' a chuirtear ar áireamh i Nóta 5.

Costais Díl agus Socraíochtaí

Ní ann d'aon chostais díl atá le nochtadh maidir le himeachtaí dlíthiúla nó le socraíochtaí.

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Catagóirítear caiteachas taistil agus cothaithe mar a leanas:

		2018 €	2017 €
Taisteal intíre	An tÚdarás	4,144	4,794
	Fostaithe	1,042	1,181
Taisteal Idirnáisiúnta	An tÚdarás	0	0
	Fostaithe	0	0
Iomlán		5,186	5,975

Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2018	2017
	€	€
Fáilteachas don Fhoireann agus don Údarás	3,414	821
Fáilteachas cliant	564	821
Iomlán	3,978	1,642

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Chomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte ceanglais an Chóid go hábhartha, gan na heisceachtaí seo a leanas a áireamh:

D'aontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte go modhnódh sé an dóigh a gcomhlíonann sé Mír 8.48 den Chód maidir le díospóidí dlíthiúla, áit a sonraítear an méid seo: "i gcás go mbaineann díospóid dhlíthiúil le comhlacht eile Stáit, seachas i gcás go gceanglaítear a mhalairt le reacht, ba cheart dianiarracht a dhéanamh idirghabháil inti, í a eadránú nó í a réiteach ar shlí eile sula dtabhófar costais chostasacha dlí. Ba cheart do chomhlachtaí Stáit an gníomh is cost-éifeachtúla a shaothrú i gcás díospóidí dlíthiúla." Bheachtaigh an tÚdarás an ceanglas ach "(seachas gnóthas cláraithe)" a chur isteach tar éis "comhlacht Stáit". Tagann sé sin leis an bhfíric go gceanglaítear le halt 33B de na hAchtanna Árachais Sláinte go "[g]comhlíonfaidh an tÚdarás na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo nó faoin Acht seo ar mhodh a fhágfaidh go gcaithfear le gnóthais chláraithe go cothrom in imthosca comchosúla."

D'aontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte go modhnódh sé an dóigh a gcomhlíonann sé Aguisín C a ghabhann leis an gCreat do Chód Iompair, áit a moltar gur cheart saincheist na dílseachta a phlé i gCód Iompair an Údaráis ach an méid seo a admháil: "an fhreagracht as a bheith dílis don chomhlacht Stáit agus lántiomanta dá ghníomhaíochtaí gnó go léir, agus aird á tabhairt nach mór don eagraíocht í féin leasanna an scairshealbhóra a chur san áireamh i gcónaí". Luaitear sa rannán comhfhreagrach i gCód Iompair an Údaráis "...[nach] mór don eagraíocht ceanglais a reachtaíochta rialaithe a chur san áireamh", in ionad "leasanna an scairshealbhóra [a chur san áireamh]".


D'aontaigh an tÚdarás le léiriú na Roinne Sláinte ar mhír 3.3 den Chód, áit a sonraítear an méid seo: "má thagann comhalta Boird/Stiúrthóir ar fhianaise nár comhlíonadh aon oibleagáidí reachtúla a bhfuil feidhm acu maidir leis an gcomhlacht Stáit, ba cheart dó/di aird na gcomhaltaí Boird/na Stiúrthóirí eile a tharraingt ar an ní lom láithreach d'fhonn go réiteofar é. Ba cheart don Chathaoirleach aird an Aire lena mbaineann a tharraingt ar an ní ach (i) iarmhairtí an neamhchomhlíonta sin agus (ii) na bearta a rinneadh nó a dhéanfar chun an staid a réiteach a lua. Tá sé de fhreagracht ar an gCathaoirleach saincheisteanna den sórt sin a chur in iúl don Aire." Is é léiriú an Údaráis go mbaineann an ceanglas sin le haon neamhchomhlíonadh ábhartha.

D'aontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte nach nochtadh sé sonraí comhiomlána faoin luach saothair, faoi mar a cheanglaítear le Mír 1.4 (vi) den doiciméad 'Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais' a ghabhann leis an gCód. Ní nochtann an tÚdarás sonraí faoi luach saothair fostaithe de bharr mhéid bheag na heagraíochta agus de bharr na dóchúlachta go sainaitheofaí luach saothair an duine aonair.

D'aontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte nach nochtadh sé sonraí faoi thuarastal fostaithe agus costais phinsin os cionn €60,000 i mbandaí €10,000, faoi mar a cheanglaítear le Mír 1.4 (viii) den doiciméad 'Ceanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais' a ghabhann leis an gCód. Ní nochtann an tÚdarás sonraí faoi na tuarastail agus na costais phinsin de bharr mhéid bheag na heagraíochta agus de bharr na dóchúlachta go sainaitheofaí luach saothair an duine aonair.



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Comhalta

17 Meitheamh 2019
Dáta

An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Árachas Sláinte (“an tÚdarás”), aithním an fhreagracht atá ar an Údarás as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú i leith an Údaráis agus an Chiste um Chothromú Fiontar. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an Córas Rialaithe Inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an Córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraítear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí Córas Rialaithe Inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí an dáta a ceadáidh na ráitis airgeadais.

Cumas le Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca i bhfeidhm ag an Údarás. Cuimsíonn sé beirt Chomhaltaí ar a laghad den Údarás a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu. Tá an Cathaoirleach ina dhuine amháin díobh. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huair sa bhliain 2018.

Fostaíonn an tÚdarás Iniúcháir Inmheánach neamhspleách a oibríonn de réir na Cairte Iniúcháireachta Inmheánaí ceadaithe agus a thugann tuairisc don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Ceadáíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Plean Iniúcháireachta Inmheánaí agus athbhreithnítear é gach bliain. Forbraítear an Plean Iniúcháireachta Inmheánaí ach cur chuige rioscabhunaithe a úsáid.

Shocraigh an tÚdarás fonn riosca na heagraíochta agus leagtar amach é i Ráiteas faoi Fhonn Riosca. Chuir an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Beartas Bainistíochta Riosca le chéile, rud ina leagtar amach na Próisis Bhainistíochta Riosca atá i bhfeidhm aige agus ina sonraítear na ról atá ag baill foirne agus na freagrachtaí atá orthu ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne ar dóigh dóibh obair de réir Bheartais Bhainistíochta Riosca an Údaráis ionas gur féidir leo an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn, laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an tÚdarás Córas Bainistíochta Riosca chun feidhme, rud lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Buanmhír ar chlár oibre an Údaráis agus ar chlár oibre an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca araon is ea bainistíocht riosca. Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Is ar bhonn bliantúil a athbhreithníonn an tÚdarás na rioscaí atá sainaitheanta ar an gClár Rioscaí agus a athbhreithníonn sé an plean bainistíochta le haghaidh na rioscaí sainaitheanta a mhaolú. Déantar na rioscaí a shainaithnítear ar fud na bliana a chur leis an gClár Rioscaí ar bhonn leanúnach. Maidir leis na rioscaí ardchéimiúla (na rioscaí sin a rátáiltear mar rioscaí rabhaidh ómraigh nó rioscaí rabhaidh dheirg), na rioscaí nua agus na rioscaí atá ag athrú ar an gClár Rioscaí, athbhreithníonn an tÚdarás iad dhá uair eile sa bhliain. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa Chlár Rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta agus ag an Údarás,

- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Údarás, nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta agus an tÚdarás athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin sa bhliain 2018.


Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca agus Rialaithe. Obair na nIníochóirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhním gur thug Comhaltaí an Údaráis faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2018.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaitníodh aon laigí ábhartha sa Rialú Inmheánach i dtaca leis an mbliain 2018. Sínte thar ceann Chomhaltaí an Údaráis;



Sheelagh Malin
Cathaoirleach

Dáta: 17 Meitheamh 2019

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tÚdarás Árachais Sláinte

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 32 den Acht um Árachas Sláinte 1994. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeáda
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte amhail an 31 Nollaig 2018 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas le haghaidh 2018 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Árachais Sláinte agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.


Béim ar an ábhar - sochair scoir

Tarraingim aird ar nóta 1 a ghabhann leis na ráitis airgeadais ar pholasaí cuntasaíochta an Údaráis maidir le sochair scoir a leagann amach an neamhchinnteacht maidir leis an meicníocht maoinithe deiridh agus cuntas a thabhairt ar an dliteanas pinsin. Níl mo thuairim iniúchta modhnaithe maidir leis an ábhar seo.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Árachais Sláinte faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear ann sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugann tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



Seamus McCarthy

An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

26 Meitheamh 2019

Dáta

Aguisín leis an Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Sa ráiteas um rialachas agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte 1994.
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuiriscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte 1994 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuiriscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuiriscí ábhartha nuair atá sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuiriscí teacht ó chalaouis nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuirisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúcháireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraithear míthuirisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaouis níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nochta lena mbaianeann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasáíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúcháireachta a fhaighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas an Údaráis Árachais Sláinte leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcúis leis an Údarás Árachais Sláinte scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht acu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasach an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m-iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuiriscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuirisc ábhartha san fhaisnéis eile, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairiscíú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- mura dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.


An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	<i>Nótaí</i>	An 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2018 €	An 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2017 €
Ioncam	2	2,501,550	2,465,017
Costais riaracháin	3	(2,181,538)	(1,994,096)
Barrachas ioncaim thar chaiteachas		320,012	470,921
Ús infhaighte		9,592	9,342
Barrachas don bhliain		329,604	480,263
Cúlchistí coinnithe ioncaim i dtús na bliana		9,117,185	8,636,922
Cúlchistí coinnithe ioncaim ag deireadh na bliana		9,446,789	9,117,185



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Comhalta

17 Meitheamh 2019
Dáta

Tá Nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	6	210,235	20,573
Sócmhainní reatha			
Airgead agus coibhéisí airgid		11,275,286	10,528,183
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	7	856,219	1,063,941
		12,131,505	11,592,124
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	8	(2,894,951)	(2,495,512)
Glansócmhainní reatha		9,236,554	9,096,612
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		9,446,789	9,117,185
Glansócmhainní		9,446,789	9,117,185
Ionadaithe ag			
Cúlchistí coinnithe ioncaim		9,446,789	9,117,185
		9,446,789	9,117,185

Sheelagh Malin
Cathaoirleach

Ian Britchfield
Comhalta

17 Meitheamh 2019
Dáta

Tá Nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.


An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €	2017 €
An barrachas oibriúcháin a réiteach leis an insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas oibriúcháin don bhliain		329,604	480,263
Dímheas	6	46,467	34,730
Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe	7	210,722	(729,421)
Méadú ar chreidiúnaithe	8	399,439	278,418
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		986,232	63,990
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach	6	(236,129)	(3,309)
		750,103	60,681
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Ús a tuilleadh		(9,592)	(9,341)
Ús a fuarthas		6,592	9,294
Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid		747,103	60,634
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir		10,528,183	10,467,549
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig		11,275,286	10,528,183
Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid		747,103	60,634



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Comhalta

17 Meitheamh 2019
Dáta

Tá Nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An tÚdarás Árachas Sláinte

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach thíos. Mura luaitear a mhalairt, cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le gach bliain a chuirtear i láthair.

Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe na cuntasafóchta de réir na bprionsabal cuntasafóchta a bhfuil glacadh leo agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais an Údaráis i láthair in Euro (“€”), arb é airgeadra feidhmeach an Údaráis é.

Tá an tÚdarás den tuairim nach ann d’aon bhreithiúnais chriticiúla a bhfuil tionchar suntasach acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Ioncam Tobhaigh

Is ionann an t-ioncam tobhaigh agus an méid a bhí infhaighte ag an Údarás i leith na tréimhse. Cuimsíonn sé íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás de réir an Achta Árachais Sláinte, 1994, arna leasú. Déantar réasúntacht an fhigiúir a sheiceáil in aghaidh an ioncain tobhaigh a rabhthas ag súil leis, bunaithe ar phróifíl scéimeanna árachais sláinte phríobháidigh an Údaráis.

Aithint Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe, de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir costais lúide dímheas carntha. Déantar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncain, a ríomh chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré ionchasach úsáideach faoi mhodh an mhéid chothroim. Dímheastar sócmhainní ar ráta bliantúil 33 1/3% le haghaidh trealamh ríomhaireachta agus 20% le haghaidh na sócmhainní eile go léir ón dáta a ceannaíodh iad.

Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go Euro i rith na bliana agus cuirtear iad ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncain don tréimhse.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe agus cuirtear na gnóthachain agus na cailteanais a thagann chun cinn ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncain don tréimhse.

An Ciste um Chothromú Fiontar

Bunaíodh an Ciste um Chothromú Fiontar (an Ciste) an 1 Eanáir 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a chothabháil agus a riar agus aisghabhann sé na costais a thabhaíonn sé ina leith sin ón gCiste. Is é an bonn le haghaidh costais a aisghabháil ná costais a bhaineann go díreach leis an gCiste a chionroinnt go hiomlán agus costais a thabhaíonn an tÚdarás a chionroinnt go páirteach, faoi mar atá leagtha amach i **Nóta 13** de na ráitis airgeadais. Déanann an tÚdarás ráitis airgeadais ar leith a ullmhú don Chiste ar bhonn bliantúil.

Sochair Scoir

De réir alt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire Sláinte agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh le haghaidh sochair aoisliúntais a thabhairt do bhaill foirne an Údaráis. Síniú Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis Árachas Sláinte (I.R. Uimh. 637 de 2016) an 21 Nollaig 2016, áit a ndéantar na Rialacha atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin fá na Rialacha maidir le Comhaltaí de Scéimeanna Pinsean Seirbhíse Poiblí a bhí ann Roimhe Sin, 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014), a ghlacadh mar Scéim le haghaidh sochair aoisliúntais a thabhairt do bhaill foirne an Údaráis Árachas Sláinte, an Cláraitheoir san áireamh, nó ina leith, de réir mar is cuí. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail. Cé go gcoinníonn an tÚdarás an t-airgead sin, ní aithnítear mar ioncam é. Déanann an tÚdarás ranníocaíochtaí ón bhfostóir leis an Scéim freisin. Tá an tÚdarás Árachas Sláinte i mbun plé leis an

Roinn Sláinte i dtaca le sásra cistiúcháin phinsin an Údaráis Árachas Sláinte. Níl sé soiléir go gceanglófar leis na ráitis airgeadais go ndéanfaí nochtadh ar an muirear pinsin a ríomhtar go hachtúireach nó ar an dliteanas pinsin agus an tsócmhainn pinsin a ríomhtar go hachtúireach i leith scéim aoisliúntais an Údaráis Árachas Sláinte.

Mar thoradh air sin, is é an beartas cuntasafóichta i dtaca le pinsin ná caitheamh leo mar phlean ranníocaíochta sainithe de réir alt 28.13 de FRS 102. Féach Nóta 10 le haghaidh tuilleadh sonraí.

De réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, is comhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair iad baill foirne nua a tháinig isteach san Údarás tar éis an 1 Eanáir 2013. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na mball foirne atá páirteach sa scéim. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus ranníocaíochtaí ón bhfostóir a aistriú ar bhonn míosúil chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

2. Ioncam

Foráiltear le halt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994, go n-íocfaidh gnóthais chláráithe tobhach ioncain leis an Údarás gach ráithe chun oibríochtaí an Údaráis a chistiú agus chun soláthar imleor a dhéanamh do theagmhais. Le Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17), 2001, socraíodh ráta an tobhaigh ioncain ag 0.14% den mhéid inmheasúnaithe a íoctar le gach gnóthas tráchtála agus srianta in Éirinn. Ba le Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17) (Leasú), 2010, an laghdaíodh an ráta ina dhiaidh sin go 0.12%. Leasaíodh an tobhach ioncain arís eile le hIonstraim Reachtuil Uimh. 528 de 2014 – Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994 (Alt 17), 2014. Socraíodh an ráta ag 0.01% do na blianta 2015 agus 2016 agus ag 0.09% ón mbliain 2017 i leith.

	2018 €	2017 €
Tobhach Ioncain	2,301,746	2,278,884
Costais a athghearradh ar an gCiste um Chothromú Fiontar (Nóta 13)	199,804	186,133
	2,501,550	2,465,017

3. Costais Riaracháin

	2018 €	2017 €
Tuarastail, costas pinsin agus costais eile foirne (Nóta 4)	932,855	858,054
Costais oiliúna	25,983	32,923
Táillí Stiúrthóirí (Nóta 4)	18,953	20,948
Cíos, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil	107,005	99,418
Comhairleacht (Nóta 5)	271,915	311,158
Árachas	20,318	18,267
Costais Ríomhaire agus Pháipéarachais	28,455	23,603
Costais Riaracháin Eile	32,481	49,446
Faisnéis do Thomhaltóirí	687,106	537,049
Iníúcháireacht	10,000	8,500
Dímheas	46,467	34,730
	2,181,538	1,994,096

Rinneadh speansais riaracháin €199,804 (2017: €186,133) i leith an Chiste um Chothromú Fiontar a aisghabháil ón gCiste agus caitheadh leo mar ioncam (féach Nóta 13).

4. Luach Saothair

Is é cuspóir an nochtá ná faisnéis a thabhairt faoi luach saothair i gcomhlachtaí Stáit maidir leis an gcaiteachas iomlán arna thabhu ag an gcomhlacht Stáit agus le socruithe luach saothair ball foirne tábhachtach, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach/an Cláráitheoir agus príomhchomhaltaí eile den fhoireann bainistíochta. Áirítear le sochair fostaithe, mar atá sainmhínithe i gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”), tuarastail agus costais phinsin, sochair foirceanta, sochair iarfhostaíochta, sochair fhadtéarmacha eile agus idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe.

Táillí Stiúrthóirí

Ba iad seo a leanas na táillí a bhí iníoctha le comhaltaí aonair den bhord don bhliain 2018: Sheelagh Malin (Cathaoirleach) €8,978 (2017: €8,978), Sean Coyle €3,990 (2017: €5,985), Ian Britchfield €5,985 (2017: €5,985), an Dr Fiona Kiernan €0 (2017: €0), James A. McNamara €0 (2017: €0). Ba iad na speansais a íocadh le comhaltaí aonair den bhord don bhliain 2018 ná €448, a íocadh le Ian Britchfield, agus €3,696, a íocadh le James A. McNamara.

Luach Saothair Fostaithe

Faoi FRS 102, is ionann an príomhphearsanra bainistíochta agus na daoine sin ag a bhfuil údarás agus ar a bhfuil freagracht i leith gníomhaíochtaí an eintitis a phleanáil, a stiúradh agus a rialú ar bhealach díreach nó indíreach, lena n-áirítear aon stiúrthóir (bíodh sé/sí ina stiúrthóir feidhmiúcháin nó ina stiúrthóir eile) de chuid an eintitis.

a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

	2018 €	2017 €
Tuarastail agus Costais Phinsin	637,058	631,499
Ranníocaíocht ón bhfostóir le leas sóisialach	60,465	59,169
Costais Phinsin	231,798	167,386
Baill foirne gníomhaireachta	3,534	-
Iomlán	932,855	858,054

Bhí naonúr ball foirne (mar choibhéis lánaimseartha) san iomlán fostaithe ag an 31 Nollaig 2018 (2017: deichniúr).

(b) Tuarastail Foirne, Pinsean agus Sochair Ghearrthéarmacha

	2018 €	2017 €
Bunphá	637,058	631,499
Ragobair	0	0
Liúntais	0	0
Iomlán	637,058	631,499

(c) An Príomhphearsanra Bainistíochta

Is é atá sa príomhphearsanra bainistíochta san Údarás ná na Comhaltaí den Údarás, an Príomhfheidhmeannach/an Cláráitheoir, an Ceann Airgeadais, an Ceann Gnóthaí Corparáideacha, an Ceann Gnóthaí Rialála agus an Ceann Taighde. Is leagtha amach thíos atá luach iomlán na sochar fostaithe a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta:

	€	€
Tuarastal	425,485	394,049
Liúntais	0	0
Sochair foirceanta	0	0
Árachas Sláinte	0	0
Iomlán	425,485	394,049

Ní áirítear leis na figiúirí thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Tá comhaltaí den príomhphearsanra bainistíochta ina gcomhaltaí de scéim pinsean an Údarás Árachas Sláinte nó den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus ní théann a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse poiblí nó na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

(e) Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh/an Chláráitheora

Ba mar seo a leanas a bhí pacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh/an Chláráitheora don tréimhse airgeadais:

	2018 €	2017 €
Tuarastal	100,636	92,150
Iomlán	100,636	92,150

Níor íocadh aon chostais taistil agus chothaithe leis an bPríomhfheidhmeannach/an Cláráitheoir don bhliain 2018 (2017: €169).

Tá an Príomhfheidhmeannach/an Cláráitheoir ina chomhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime sin. Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh sna figiúirí thuas. Ní bhfuair an Príomhfheidhmeannach/an Cláráitheoir aon pheorcaisí ná sochair sa bhliain 2018.

5. Costais Chomhairleachta

	2018 €	2017 €
Cuntasaíocht	35,328	32,182
Seirbhísí Achtúireacha	79,575	124,230
Seirbhísí Dlí	62,161	34,675
Cumarsáid	51,660	52,872
Taighde	-	58,096
Earcaíocht	3,075	-
Aoisliúntas	1,212	1,617
Seirbhísí Aistriúcháin	4,504	2,486
Comhairleacht eacnamaíoch	34,400	5,000
	271,915	311,158

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaire €	Feisteas Oifige, Troscán agus Trealamh €	Forbairt Suíomh Gréasáin €	Feistiú Oifige €	Iomlán €
Costas					
Ag an 31 Nollaig 2017	70,986	326,620	102,325	51,383	551,314
Breiseanna le linn na bliana	3,542	1,470	231,117	-	236,129
Diúscairtí le linn na bliana	(904)	-	-	-	(904)
Ag an 31 Nollaig 2018	73,624	328,090	333,442	51,383	786,539
Dímheas					
Ag an 31 Nollaig 2017	61,352	325,121	101,186	43,082	530,741
Muirear don bhliain	5,624	1,863	31,154	7,826	46,467
Dímheas ar dhiúscairtí	(904)	-	-	-	(904)
Ag an 31 Nollaig 2018	66,072	326,984	132,340	50,908	576,304
Glanluach Leabhar					
Ag an 31 Nollaig 2018	7,552	1,106	201,102	475	210,235
Ag an 31 Nollaig 2017	9,634	1,499	1,139	8,301	20,573
I leith na bliana roimhe					
Costas					
Ag an 31 Nollaig 2016	77,192	329,590	102,325	51,383	560,490
Breiseanna le linn na bliana	3,309	-	-	-	3,309
Diúscairtí le linn na bliana	(9,515)	(2,970)	-	-	(12,485)
Ag an 31 Nollaig 2017	70,986	326,620	102,325	51,383	551,314
Dímheas					
Ag an 31 Nollaig 2016	59,879	325,916	89,896	32,805	508,496
Muirear don bhliain	10,988	2,175	11,290	10,277	34,730
Dímheas ar dhiúscairtí	(9,515)	(2,970)	-	-	(12,485)
Ag an 31 Nollaig 2017	61,352	325,121	101,186	43,082	530,741
Glanluach Leabhar					
Ag an 31 Nollaig 2017	9,634	1,499	1,139	8,301	20,573
Ag an 31 Nollaig 2016	17,313	3,674	12,429	18,578	51,994

7. Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile

	2018 €	2017 €
Ioncam tobhaigh infhaighte (Nóta 2)	580,627	561,525
Ús fabhraithe	4,633	1,633
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile	37,039	44,292
Cártaí Taistil	1,400	1,237
An Ciste um Chothromú Fiontar	232,520	454,928
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre	-	326
	856,219	1,063,941

8. Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2018 €	2017 €
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	606,733	417,291
Soláthar pinsean (Nóta 10)	2,230,767	2,042,032
Tobhach pinsin	2,427	2,617
An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair	2,444	472
ÍMAT/ÁSPC	18,790	28,607
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	33,415	3,998
Cáin Bhreislúacha	375	495
	2,894,951	2,495,512

9. Ceangaltais faoi Léasanna Oibriúcháin

Glacann an tÚdarás Árachas Sláinte oifigí ar cíos i dTeach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6 ar chostas €68,000 in aghaidh na bliana. Rinne an tÚdarás léas 10 mbliana le haghaidh na n-oifigí i mí na Bealtaine 2012.

Bhí na ceangaltais bhliantúla seo a leanas ar an Údarás ag deireadh na bliana. Tá siad sin dlite mar seo a leanas:

	2018 €	2017 €
Laistigh de bhliain amháin	68,000	68,000
Níos déanaí ná bliain amháin ach laistigh de 5 bliana	164,333	232,333
Níos déanaí ná 5 bliana	-	-
	232,333	300,333

10. Soláthar Pinsean

Mar atá luaite sna beartais chuntasaíochta maidir le Sochair Scoir, feidhmíonn an tÚdarás scéim pinsean dá fhostaithe. Síniú Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údarás Árachas Sláinte (I.R. Uimh. 637 de 2016) an 21 Nollaig 2016, áit a ndéantar na Rialacha atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin fá na Rialacha maidir le Comhaltaí de Scéimeanna Pinsean Seirbhíse Poiblí a bhí ann Roimhe Sin, 2014 (I.R. Uimh. 582 de 2014), a ghlacadh mar Scéim le haghaidh sochair aoisliúntais a thabhairt do bhaill foirne an Údarás, an Cláraitheoir san áireamh, nó ina leith, de réir mar is cuí.

Tá ranníocaíochtaí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ón bhfostóir, socraithe ag ráta 25% de phá inphinsin ó mhí Iúil 2006 i leith (16.66% roimhe sin) agus gearrtar iad ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim. Coinnítear na ranníocaíochtaí carntha thar ceann an Aire Sláinte.

Beidh teidlíochtaí sochair na bhfostaithe ina bhfeidhm dá seirbhís leis an Údarás agus dá seirbhís roimhe sin sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is cuí. Ní fhaigheann an tÚdarás aon chistiú i leith na dteidlíochtaí sochair

sin. Ní dócha go mbeidh oibleagáid ar an Údarás acmhainní a chuimsíonn sochair eacnamaíocha (seachas le haghaidh gnáth-ranníocaíochtaí ón bhfostóir) a aistriú le haghaidh sochar atá iníoctha le comhaltaí. Níltear ag súil leis go dtiocfaidh riosca achtúireach ná riosca infheistíochta aníos i gcás an Údaráis.

Mar thoradh air sin, ní mheastar go bhfuil feidhm ag na ceanglais in FRS 102 maidir le pleananna sochair shainithe agus ní mheastar ach oiread gur gá aon nochtadh eile a dhéanamh.

Tá na ranníocaíochtaí seo a leanas ar áireamh faoin gceanteideal “Tuarastail, costas pinsin agus costais eile foirne” (Nóta 3):

	2018 €	2017 €
I dtús na tréimhse	2,042,032	1,855,614
Ranníocaíochtaí Fostaithe	25,350	26,801
Ranníocaíochtaí ón bhFostóir	163,385	159,617
Iomlán	2,230,767	2,042,032

Chomh maith leis sin, asbhaineadh €36,001 ón bhfoireann mar thobhach pinsin sa bhliain 2018 (2017: €33,664) agus íocadh é ar aghaidh leis an Roinn Sláinte.

Sa bhliain 2018, asbhaineadh méid €7,892 (2017: €5,990) ón bhfoireann i leith na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus aistríodh é chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

11. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais maidir le caiteachas caipitil ann ag an 31 Nollaig 2018.

12. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir na dtreoirilínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis, agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas ag Comhaltaí an Údaráis iontu.

13. An Ciste um Chothromú Fiontar

Foráiltear leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, go mbeidh an Ciste um Chothromú Fiontar (an Ciste) ar bun ón 1 Eanáir 2013. Déanann árachóirí íocaíochtaí dleachta stampa i leith polasaithe arna dtosú nó arna n-athnuachan an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh leis na Coimisinéirí Ioncaim, a aistríonn an t-airgead ar aghaidh chuig an gCiste ansin. Ag gníomhú dó thar ceann tomhaltóirí, déanann an tÚdarás Árachas Sláinte Creidmheasanna um Chothromú Fiontar a íoc amach as an gCoiste leis na gnóthais árachais sláinte. Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith don Chiste ar bhonn bliantúil. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a riar agus a chothabháil.

Níl aon duine fostaithe go díreach ag an gCiste. Ghearr an tÚdarás costas iomlán €199,804 (2017: €186,133) i leith an Chiste don bhliain 2018, mar seo a leanas:

Type of cost	Iomlán a athghearradh ar an gCiste	
	2018 €	2017 €
Tuarastail agus costais foirne	148,365	149,024
Cíos, muirir sheirbhíse agus cothabháil	17,365	16,247
Costais ríomhaire agus pháipéarachais	4,661	3,857
Costais riaracháin eile	29,019	17,005
Costais chomhairleachta eile	394	-
	199,804	186,133

14. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 17 Meitheamh 2019.

An Ciste um Chothromú Fiontar Tuarascáil agus Cuntais 2018

5.2 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar don bhliain ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018

Chuíg an Aire Sláinte

De réir théarmaí an Achta Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú), cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar don tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi do bhráid.

An Ciste um Chothromú Fiontar

(“an Ciste”)

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

Clár Ábhar	Leathanach
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	50
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí	53
Ráitis Airgeadais	57 - 61

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ciste um Chothromú Fiontar

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 11 D (9) den Acht um Árachas Sláinte 1994 (arna leasú). Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2018 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas le haghaidh 2018 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime


Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Árachais Sláinte agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Árachais Sláinte faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais an Chiste i láthair. Cuimsítear ann sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear ráitis airgeadais an Údaráis, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugann tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
26 Meitheamh 2019

Aguisín leis an Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Údaráis Árachais Sláinte

Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis sa ráiteas maidir le freagrachtaí. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 11 D (8) den Acht
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuiriscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 11 D (9) den Acht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuiriscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuiriscí ábhartha nuair atá sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuiriscí teacht ó chalaos nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádam sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuirisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúcháireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuirisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaos níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáochta agus an nochtadh lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasáochta agus, ar bhonn na fianaise iniúcháireachta a faighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcúis leis an gCiste scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht acu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasach an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaitheann le linn m-iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus,

ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- mura dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.


An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí


Ceanglaítear le halt 11D(8) den Acht Árachais Sláinte, 1994 (arna leasú) (an 'tAcht'), ar an Údarás Árachais Sláinte (an "tÚdarás") ráitis airgeadais a ullmhú i leith an Chiste um Chothromú Fiontar (an "Ciste"). Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- A lua cé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin, agus an chúis leis an imeacht, a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ciste ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil, ina mínítear agus ina dtaifeadtar idirbhearta an Chiste i gceart, trínar féidir sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chiste a cinneadh le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 11D(8) den Acht. Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Chiste a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Comhalta

17 Meitheamh 2019
Dáta

An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Notes	An 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2018 €'000	An 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2017 €'000
Ioncam			
Dleacht stampa	2	732,502	672,950
Caiteachas			
Creidmheas préimhe um chothromú fiontar	3	617,053	556,214
Creidmheas úsáide ospidéal	4	121,140	112,120
Costais foirne agus costais eile	5	271	220
Caiteachas iomlán		738,464	668,554
Barrachas (caiteachais thar ioncam) / ioncaim thar chaiteachas		(5,962)	4,396
Ioncam infheistíochta		-	-
(Easnamh) / Barrachas don bhliain		(5,962)	4,396
Cúlchistí coinnithe ioncaim i dtús na bliana		44,928	40,532
Cúlchistí coinnithe ioncaim ag deireadh na bliana		38,966	44,928

Sheelagh Malin
Cathaoirleach

Ian Britchfield
Comhalta


17 Meitheamh 2019
Dáta

Tá Nótaí 1 go 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo


An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 €'000
Sócmhainní Reatha			
Taiscí gearrthéarmacha	6	270,693	261,780
Airgead agus coibhéisí airgid		63	229
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	7	215,164	216,834
		485,920	478,843
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	8	(403,734)	(391,345)
Soláthar don chreidmheas úsáide ospidéil	9	(43,220)	(42,570)
		(446,954)	(433,915)
Glansócmhainní		38,966	44,928
Ionadaithe ag			
Cúlchistí coinnithe ioncaim		38,966	44,928



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Comhalta

17 Meitheamh 2019
Dáta

Tá Nótaí 1 go 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 €'000
(An t-easnamh)/an barrachas oibriúcháin a réiteach leis an insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas oibriúcháin (caiteachais thar ioncam) / ioncaim thar chaiteachas don bhliain		(5,962)	4,396
Laghdú / (méadú) ar fhéichiúnaithe	7	1,670	(31,345)
Méadú ar chreidiúnaithe	8 & 9	13,039	40,330
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		8,747	13,381
Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ús bainc a fuarthas		-	-
Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		-	-
Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid		8,747	13,381
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir		262,009	248,628
Airgead agus coibhéisí airgid ag an 31 Nollaig		270,756	262,009
Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid		8,747	13,381

Sheelagh Malin
Cathaoirleach

Ian Britchfield
Comhalta

17 Meitheamh 2019
Dáta

Tá Nótaí 1 go 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An Ciste um Chothromú Fiontar

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais Chuntasáíochta

Tá na beartais chuntasáíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú leagtha amach thíos. Mura luaitear a mhalairt, cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le gach bliain a chuirtear i láthair.

Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe na cuntasáíochta de réir na bprionsabal cuntasáíochta a bhfuil glacadh leo agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais an Chiste i láthair in Euro (“€000”), arb é airgeadra feidhmeach an Chiste é.

Faisnéis Ghinearálta

Leis an Acht Árachais Sláinte, 1994, arna leasú leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, foráladh do chothromú fiontar a thabhairt isteach, áit a bhfaigheann gnóthais chláráithe creidmheasanna i dtaca le haicmí áirithe daoine árachaithe chun nach mbailíonn siad préimh atá iníoctha i leith árachas sláinte a sholáthar don duine aonair. Foráladh le hAcht 2012 freisin don Chiste a bhunú.

Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a bhunú, a riar agus a chothabháil. Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as ráitis airgeadais don Chiste a tháirgeadh agus a cheadú. Tá an tÚdarás freagrach as gach idirbheart faoin gCiste a údarú agus a cheadú. Tá sonraí faoi chórais agus nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialachas agus rialú leagtha amach sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach agus sa Ráiteas Rialachais atá nochtá i ráitis airgeadais an Údaráis.

Foráiltear leis an Acht go n-íocfar isteach sa Chiste na dleachtanna stampa uile arna n-íoc de bhua alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, i leith conarthaí arna dtosú an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

Áirítear iad seo a leanas leis na híocaíochtaí a dhéantar amach ón gCiste:

- Creidmheas préimhe um chothromú fiontar – a fhágann nach dtéann an leibhéal fiontar a chruthaíonn tomhaltóir ar leith do ghnóthas cláráithe i bhfeidhm ar an bpréimh a íocann sé/sí. Gearrtar an t-aon phréimh amháin ar gach duine i leith plean ar leith, beag beann ar aois, ar inscne nó ar shláinte an duine faoi láthair nó amach anseo. Tá sé sin faoi réir eisceachtaí a bhaineann le leanaí faoi bhun 18 mbliana, le lascaí do chomhaltaí de ghrúpscéimeanna, le haoisigh óga agus le lódlacha rátála pobail saoil. Foráiltear leis an gCiste go bhfaighidh gnóthais chláráithe préimheanna níos airde i leith na daoine is sine agus na daoine is laige sláinte a árachú, agus an méid níos airde á íoc trí chreidmheas préimhe um chothromú fiontar ón gCiste. Tá éagsúlacht ann maidir leis an leibhéal creidmheasanna um chothromú fiontar is iníoctha ón gCiste i leith préimheanna, agus iad ag brath ar aois, ar inscne agus ar an leibhéal cumhdaigh.
- Creidmheas úsáide ospidéal – a fhágann go bhfuil méid seasta iníoctha ón gCiste i leith gach tréimhse a fhanann duine árachaithe i gcóiríocht ospidéal phríobháidigh nó in ospidéal a chistítear go poiblí i gcás go bhfuil muirear i leith fanacht den sórt sin iníoctha faoi alt 55 den Acht Árachais Sláinte, 1970.

Tréimhse Chuntasáíochta

Baineann na ráitis airgeadais leis an mbliain ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018.

Income

Aithnítear ioncam Dleachta Stampa sna ráitis airgeadais thar théarma an chonartha árachais ábhartha. Glactar leis go maireann an téarma sin dhá mhí dhéag i ngach cás. Déanann gnóthais chláráithe dleacht stampa ar pholasaithe arna dtosú nó arna n-athnuachan an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn ráithiúil. Íoctar an dleacht stampa isteach sa Chiste ansin. Déantar fáiltais an Chiste sa bhliain airgeadais a choigeartú chun na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Dleacht stampa fhabhráithe, arb ionann í agus an dleacht stampa amuigh atá dlite don Chiste ag deireadh na bliana. Is ionann í freisin agus na méideanna atá iníoctha ag gnóthais chláráithe i dtaca leis an ráithe dheiridh den bhliain airgeadais. Taifeadtar an méid sin mar fhéichiúnaí don Chiste.
- Is ionann dleacht stampa neamhthuillte agus an céatadán measta den dleacht stampa a íocadh isteach sa Chiste le linn na bliana airgeadais agus a bhí fhabhráithe ag deireadh na bliana. Baineann sí le téarma neamhéagtha na gconarthaí árachais ábhartha ag an dáta tuairiscithe. Taifeadtar an méid sin mar dhleacht stampa neamhthuillte ag an dáta tuairiscithe (féach **Nóta 8** – Creidiúnaithe agus Fabhruithe).

Aithint Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe, de réir mar a thabhaítear é.

Creidmheas Prémhe um Chothromú Fiontar

Taifeadtar creidmheas prémhe um chothromú fiontar ar bhonn fabhrúithe. Éilíonn gnóthais chláráithe creidmheas prémhe um chothromú fiontar ón gCiste ar bhonn míosúil. Agus cinneadh á dhéanamh ar an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais, déantar na híocaíochtaí ón gCiste a choigeartú chun na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Méideanna atá éilithe ag gnóthais chláráithe agus méideanna atá iníoctha leo, i gcás nach raibh na méideanna sin íoctha ag an dáta tuairiscithe.
- Creidmheas prémhe neamhghearrtha um chothromú fiontar – íocann formhór na ndaoine as polasaithe árachais trí thráthchodanna míosúla nó trí réamhíocaíocht gach bliain. I gcás creidmheasanna a éilítear i dtaca le tráthchodanna míosúla, gearrtar iad sa mhí lena mbaineann an t-éileamh. I gcás creidmheasanna a éilítear i ndáil le polasaithe a réamhíoctar astu, gearrtar iad go haonfhoirmeach thar dhá mhí dhéag an chonartha. Ag an dáta tuairiscithe, is mar fhéichiúnaí a aithnítear aon mhéideanna a íocadh le gnóthais chláráithe ach nach bhfuil gearrtha go fóill (Féach **Nóta 7** – Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile).

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

I dtaca le hullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar mhéideanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh ag an dáta tuairiscithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhir bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Ba cheart an leibhéal cistí i leith éilimh sa toadhchá a chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais a bheith chomh láidir ar a laghad leis an meastachán is fearr agus ba cheart é a bheith leordhóthanach i gcónaí chun cumhdach a dhéanamh ar aon dliteanas a thagann chun cinn i dtaca le babhtáí ospidéil nár éilíodh go dtí seo, chomh fada agus is féidir a thuar le réasún. Is bunaithe ar chomhairle achtúireach neamhspleách a ríomhtar an soláthar don chreidmheas úsáide ospidéil. Déantar amhlaidh ach roinnt teicnící achtúireacha a bhfuil glacadh leo a úsáid chun teacht ar lámhheastachán agus raon meastachán réasúnach. Tá an soláthar atá taifeadta sna ráitis airgeadais chomh láidir ar a laghad leis an meastachán is fearr a dhéanfaí ach modhanna achtúireacha a bhfuil glacadh leo a úsáid.

Creidmheas Úsáide Ospidéil

Taifeadtar an creidmheas úsáide ospidéil ar bhonn fabhrúithe. Agus cinneadh á dhéanamh ar an méid a aithneofar mar speansas sa bhliain airgeadais, déantar na híocaíochtaí ón gCiste a choigeartú chun na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Méideanna atá éilithe ag gnóthais chláráithe agus méideanna atá iníoctha leo, i gcás nach raibh na méideanna sin íoctha ag an dáta tuairiscithe.
- Soláthar do chreidmheas úsáide ospidéil i leith babhtáí ospidéil a bhí ann sa bhliain airgeadais ach nach raibh éilithe ag gnóthais chláráithe ag deireadh na bliana. Glactar leis sa soláthar sin go gcaitear líon aonfhoirmeach oícheanta agus laethanta i gcóiríocht ospidéil phríobháidigh ar fud conarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus go dtarlaíonn ospidéalú go haonfhoirmeach le linn thréimhse an pholasáil. Bíonn an-éagsúlacht ann sa tréimhse shocraíochta le haghaidh éilimh ospidéil. Mar thoradh air sin, tarlaíonn sé ó am go ham go ndéanann gnóthais chláráithe éileamh ar chreidmheas úsáide ospidéil bliain amháin nó níos mó tar éis an fhanachta san ospidéal.
- Coigeartú i leith aon ghannsoláthair nó aon rósholáthair do chreidmheasanna neamhéilithe a bhaineann le blianta airgeadais roimhe sin nach raibh íoctha ag an dáta tuairiscithe.

2. Ioncam

Stamp duty payments for policies commencing or renewing on or after 1 January 2013 are paid by registered Déanann gnóthais chláráithe íocaíochtaí dleachta stampa i leith polasaithe arna dtosú nó arna n-athnuachan an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh leis na Coimisinéirí Ioncaim, a aistríonn an t-airgead ar aghaidh chuig an gCiste ansin.

	2018 €'000	2017 €'000
Dleacht stampa a íocadh isteach sa Chiste	737,603	683,756
Gluaiseacht sa dleacht stampa a bhí infhaighte sa bhliain	1,997	23,127
Gluaiseacht sa dleacht stampa neamhthuillte sa bhliain	(7,098)	(33,933)
	732,502	672,950

3. Creidmheas Prémhe um Chothromú Fiontar

	2018 €'000	2017 €'000
Íocaíochtaí a rinneadh le gnóthais chláráithe	610,386	553,231
Gluaiseacht sa chreidmheas prémhe um chothromú fiontar a bhí iníoctha le gnóthais chláráithe sa bhliain	3,000	11,201
Gluaiseacht sa chreidmheas prémhe neamhghearrtha um chothromú fiontar sa bhliain	3,667	(8,218)
	617,053	556,214

4. Creidmheas Úsáide Ospidéil

	2018 €'000	2017 €'000
Íocaíochtaí a rinneadh le gnóthais chláráithe	117,977	117,143
Gluaiseacht sa chreidmheas úsáide ospidéil a bhí iníoctha le gnóthais chláráithe sa bhliain	2,513	(285)
Gluaiseacht sa soláthar don chreidmheas úsáide ospidéil sa bhliain	650	(4,738)
	121,140	112,120

5. Costais Foirne agus Costais Eile

	2018 €'000	2017 €'000
Costais athghearrtha an Údaráis Árachas Sláinte:		
Tuarastail agus costais foirne	141	140
Costais oiliúna	4	5
Táillí Stiúrthóirí	3	3
Cíos, muirear seirbhíse agus cothabháil	17	16
Árachas	5	3
Ríomhairí agus páipéarachas	5	3
Costais riaracháin eile	16	10
Dímheas	8	6
	199	186

Costais a gearradh go díreach ar an gCiste:

Iníúcháireacht	8	8
Cuntasaíocht	5	5
Seirbhísí Achtúireacha	19	18
Árachas	2	2
	34	33

Costais ar thabhaigh an Ciste iad go díreach:

Muirir bhainc	38	1
	271	220

Ullmhaítear an costas atá ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain 2018 ach úsáid a bhaint as bonn fabhrúithe na cuntasaíochta.

6. Taisc Gearrthéarmacha

Is é atá i dtaisc gearrthéarmacha ná infheistíochtaí a dhéantar i nótaí státschiste arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Nótaí úsmhara gearrthéarmacha is ea nótaí státschiste. Ioncam barrachais, caipiteal nó sochar eile a fhaightear agus nach bhfuil ag teastáil lom láithreach chun críocha an Chiste, féadfar iad a infheistiú i nótaí státschiste.

7. Réamhócaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile

	2018 €'000	2017 €'000
Creidmheas préimhe neamhghearrtha um chothromú fiontar	55,454	59,121
Dleacht stampa fhabhrúithe a bhí infhaighte	159,710	157,713
	215,164	216,834

8. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	2018 €'000	2017 €'000
Dleacht stampa neamhthuillte	286,337	279,239
Creidmheas préimhe um chothromú frontar a bhí iníoctha	96,213	93,213
Creidmheas úsáide ospidéal a bhí iníoctha	20,951	18,438
An tÚdarás Árachas Sláinte	233	455
	403,734	391,345

9. Soláthar don Chreidmheas Úsáide Ospidéal

	2018 €'000	2017 €'000
I dtús na bliana	42,570	47,308
A tháinig chun cinn le linn na bliana	121,140	112,120
A úsáideadh le linn na bliana	(120,490)	(116,858)
Ag deireadh na bliana	43,220	42,570

10. Staid Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar

De réir an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim, b'ionann na cúlchistí coinnithe agus €39.0m (2017: €44.9m). Cuirtear aon bharrachas nó aon easnamh a thagann chun cinn i leith tréimhsí conartha reatha agus tréimhsí conartha a chuaigh thart san áireamh agus moltaí á ndéanamh don Aire ar chreidmheasanna um chothromú frontar agus ar dhleacht stampa.

Bhí airgead agus coibhéisí airgid ar fiú €271m san iomlán iad á sealbhú ag an gCiste ag an 31 Nollaig 2018 (2017: €262m).

11. Nochtadh Leasanna

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis, agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Chiste a raibh leas ag Comhaltaí an Údaráis iontu.

12. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 17 Meitheamh 2019

6 Aquisíní

Aquisín A

Staitisticí a bhaineann leis an Margadh Árachais Sláinte Phríobháidigh in Éirinn, 2018

Tábla 1: Daoine Árachaithe ^{6,7}

An Bhliain dar Críoch	An Líon Iomlán Daoine Árachaithe (000s)	Cumhdach Árachais Sláinte Phríobháidigh mar % den Daonra
Nollaig 2001	1,871	48.2%
Nollaig 2002	1,941	49.2%
Nollaig 2003	1,999	49.8%
Nollaig 2004	2,054	50.2%
Nollaig 2005	2,115	50.4%
Nollaig 2006	2,174	50.3%
Nollaig 2007	2,245	50.5%
Nollaig 2008	2,297	50.9%
Nollaig 2009	2,260	49.7%
Nollaig 2010	2,228	48.8%
Nollaig 2011	2,163	47.2%
Nollaig 2012	2,099	45.6%
Nollaig 2013	2,049	44.3%
Nollaig 2014	2,025	43.4%
Nollaig 2015	2,122	45.0%
Nollaig 2016	2,152	45.2%
Nollaig 2017	2,174	45.1%
Nollaig 2018	2,220	45.5%

⁶ Baineann na figiúirí go léir leis an margadh árachais sláinte príobháidigh ar fad, i.e. rollú oscailte agus gnóthais shrianta.

⁷ Foinsítear na sonraí daonra ó na meastacháin bhliantúla daonra ón bPríomh-Oifig Staidrimh, a athbhreithníodh do na blianta ó 2012 go 2016 i mí Mheán Fómhair 2017.

Tábla 2: Ioncam Préimhe

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9
2003	978.2
2004	1,061.1
2005	1,152.7
2006	1,299.5
2007	1,477.8
2008	1,652.2
2009	1,846.7

Bliain	Ioncam Iomlán† (€m)
2010	1,949.1 ‡
2011	2,061.4 ‡
2012	2,240.7 ‡
2013	2,388.5 ‡
2014	2,444.9 ‡
2015	2,462.4 ‡
2016	2,528.0 ‡
2017	2,655.0 ‡
2018	2,678.4 ‡

‡ tá HSF ar áireamh sna figiúirí seo ó 2011 nuair a bhí sé cláraithe ar dtús leis an Údarás

Tábla 3: Sciartha den Mhargadh+

Léirítear sa tábla seo a leanas na hathruithe atá tagtha ar sciartha den mhargadh ó bhunú an Údaráis.

Nollaig	Irish Life Health*†	Laya Healthcare**	Vhi um Chúram Sláinte	GloHealth†	Gnóthais Chomhaltais Shrianta***
	%	%	%	%	%
2001	–	13%	82%	–	5%
2002	–	15%	80%	–	5%
2003	–	17%	78%	–	5%
2004	–	19%	76%	–	5%
2005	1%	21%	74%	–	4%
2006	3%	21%	72%	–	4%
2007	5%	21%	70%	–	4%
2008	8%	22%	67%	–	4%
2009	10%	23%	63%	–	4%
2010	14%	21%	62%	–	4%
2011	18%	21%	57%	–	4%
2012	17%	22%	56%	1%	4%
2013	15%	23%	54%	4%	4%
2014	15%	23%	53%	5%	4%
2015	14%	26%	51%	5%	4%
2016	14%	26%	50%	6%	4%
2017	20%	26%	50%	–	4%
2018	20%	26%	50%	–	4%

+ An líon daoine a bhfuil cumhdach othair chónaithe acu

* Maidir leis an mbliain 2015 agus le blianta roimhe sin, baineann na sonraí le Aviva Health. Ba é VIVAS Health an t-ainm a bhí air roimh an mbliain 2008.

** Maidir leis an mbliain 2012, is ionann na sonraí agus suim na sciartha den mhargadh a bhí ag Quinn Insurance Ltd (Faoi Riarachán) agus ag Elips Insurance Ltd. Baineann sonraí na mblianta roimhe sin le Quinn Healthcare nó le BUPA Ireland (2006 agus níos luaithe).


*** Cuimsíonn siad seo Scéim an Gharda Síochána, Scéim Bhord Soláthair an Leictreachais agus Scéim na nOifigeach Príosúin go príomha.

† Fuair Irish Life Health GloHealth mar éadail sa bhliain 2017. Fuair Irish Life Aviva Health mar éadail sa bhliain 2016.

Aguisín B

Éagsúlacht Éilimh de réir Aoise

Éilimh in aghaidh an Duine Árachaithe a bhí ar áireamh i dTuairisceáin sa bhliain 2018



Aguisíní

Aguisín C

Struchtúr Aoise an Mhargaidh

Léirítear sa tábla seo a leanas an t-athrú atá tagtha ar struchtúr aoise an mhargaidh ó dheireadh na bliana 2015 i leith. Tá na táblaí sa chuid seo bunaithe ar thuarisceáin faisnéise a fuarthas ó Ghnóthais Chomhaltais Oscailte. Tá na sonraí sna tuairisceáin sin éagsúil leis na sonraí a bhí ar áireamh sna táblaí roimhe sa mhéid nach gcuirtear na daoine seo a leanas ar áireamh iontu: daoine atá ag cur tréimhsí feithimh tosaigh isteach; daoine atá árachaithe le Gnóthais Chomhaltais Shrianta; agus daoine atá árachaithe le táirgí nach bhfuil faoi réir na dleachta stampa árachais sláinte agus na gcreidmheasanna sláinte aoischoibhneasa.

An Líon Daoine Árachaithe ina mílte				
Aoisghrúpa	2015	2016	2017	2018
0-17	475	481	481	494
18-29	210	217	221	234
30-39	297	292	285	287
40-49	322	326	328	337
50-59	276	284	286	290
60-69	224	232	236	240
70-79	132	141	149	157
80+	55	60	63	67

Léirítear sa tábla seo a leanas an éagsúlacht aoise a bhí ann i sciartha den mhargadh ag deireadh na bliana 2018. Is le Gnóthais Chomhaltais Oscailte amháin a bhaineann an tábla thíos. Ní chuirtear Gnóthais Chomhaltais Shrianta ar áireamh ann.

Aoisghrúpa	Irish Life Health	Laya Healthcare	Vhi um Chúram Sláinte
	%	%	%
0-49	23%	28%	50%
50-59	21%	27%	53%
60-69	19%	29%	52%
70-79	13%	25%	62%
80+	8%	14%	78%
Iomlán	21%	27%	52%

Aguisín D

Clár na nGnóthas Sochar Sláinte
amhail an 31 Nollaig 2018

Gnóthais Chomhaltais Oscailte

1. Irish Life Health DAC (ag trádáil mar Irish Life Health);
2. Elips Versicherungen AG (Elips Insurances Ltd.) (ag trádáil mar Laya Healthcare);
3. H.S.F. Health Plan Limited (ag trádáil mar Hospital Saturday Fund);
4. Vhi Insurance DAC (ag trádáil mar Vhi um Chúram Sláinte); agus
5. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

Gnóthais Chomhaltais Shrianta

1. Ciste Coigiltis Leighis Foirne Bhord Soláthair an Leictreachais;
2. Cumann Leighis Saorálach Goulding;
3. Ciste Carthanachta Foirne Allamuigh Chuideachta Árachais Bheatha na hÉireann cpt;
4. Cumann Cúnaimh Leighis Chuideachta Bheatha na hÉireann;
5. Ciste Carthanachta Foirne Náisiúnta Chomhlacht na hÉireann um Árachas;
6. Cumann Cúnaimh Leighis na nOifigeach Príosúin; agus
7. Cumann Cúnaimh Leighis Naomh Pól an Gharda Síochána.

Aguisín E

Rátaí Cothromú Fiontar

Rátaí a bhí i bhFeidhm le haghaidh Conarthaí arna dTosú/arna nAthnuachan ón 1 Aibreán 2017 go dtí an 31 Márta 2018

Creidmheasanna Préimhe um Chothromú Fiontar

Cineál Conartha	Conradh Neamh-Bhreischumhdaigh		Conradh Breischumhdaigh	
	Fear	Bean	Fear	Bean
65-69	€850	€525	€1,175	€675
70-74	€1,250	€1,075	€1,950	€1,500
75-79	€1,750	€1,425	€2,750	€2,125
80-84	€2,375	€1,925	€3,750	€2,925
85 bliana nó níos sine	€2,975	€2,375	€4,875	€3,700

Íoctar creidmheas úsáide ospidéil ar fiú €90 é i leith gach oíche cáilithí a chaitheann duine árachaithe san ospidéal. Íoctar creidmheas úsáide ospidéil ar fiú €30 é i leith gach iontrála lae cáilithí a chaitheann duine árachaithe san ospidéal.

Dleachtanna Stampa Rátála Pobail

Dleachtanna Stampa Rátála Pobail (Cineál Conartha)	Conradh Neamh-Bhreischumhdaigh	Conradh Breischumhdaigh
Aosach (18 mbliana nó níos sine)	€222	€444
Leanbh (17 mbliana nó níos óige)	€74	€148

Rátaí atá i bhFeidhm le haghaidh Conarthaí arna dTosú/arna nAthnuachan ón 1 Aibreán 2018 go dtí an 31 Márta 2019

Creidmheasanna Préimhe um Chothromú Fiontar

Cineál Conartha	Conradh Neamh-Bhreischumhdaigh		Conradh Breischumhdaigh	
	Fear	Bean	Fear	Bean
65-69	€400	€300	€1,000	€650
70-74	€725	€550	€1,750	€1,250
75-79	€1,075	€850	€2,550	€1,925
80-84	€1,450	€1,150	€3,450	€2,700
85 bliana nó níos sine	€2,175	€1,450	€4,975	€3,350

Íoctar creidmheas úsáide leapa ospidéil ar fiú €100 é i leith gach oíche cáilithí a chaitheann duine árachaithe san ospidéal. Íoctar creidmheas úsáide ospidéil ar fiú €50 é i leith gach iontrála lae cáilithí a chaitheann duine árachaithe san ospidéal.

Dleachtanna Stampa Rátála Pobail

Dleachtanna Stampa Rátála Pobail (Cineál Conartha)	Conradh Neamh-Bhreischumhdaigh	Conradh Breischumhdaigh
Aosach (18 mbliana nó níos sine)	€177	€444
Leanbh (17 mbliana nó níos óige)	€59	€148

Rátaí a bheidh i bhFeidhm maidir le Conarthaí arna dTosú/arna nAthnuachan ón 1 Aibreán 2019 i leith

Creidmheasanna Préimhe um Chothromú Fiontar

Cineál Conartha	Conradh Neamh-Bhreischumhdaigh		Conradh Breischumhdaigh	
	Fear	Bean	Fear	Bean
65-69	€400	€275	€1,050	€700
70-74	€650	€475	€1,775	€1,225
75-79	€925	€725	€2,775	€1,900
80-84	€1,050	€925	€3,300	€2,475
85+	€1,350	€1,075	€4,600	€3,100

Íoctar creidmheas úsáide leapa ospidéil ar fiú €100 é i leith gach oíche cáilithí a chaitheann duine árachaithe san ospidéal. Íoctar creidmheas úsáide ospidéil ar fiú €50 é i leith gach iontrála lae cáilithí a chaitheann duine árachaithe san ospidéal.

Dleachtanna Stampa Rátála Pobail

Dleachtanna Stampa Rátála Pobail (Cineál Conartha)	Conradh Neamh-Bhreischumhdaigh	Conradh Breischumhdaigh
Aosach (18 mbliana nó níos sine)	€177	€444
Leanbh (17 mbliana nó níos óige)	€59	€148

Aguisín F

Staitisticí Pobalráitithe Saolré

Ualuithe Pobalráitithe Saolré Íoctha

<i>Bliain</i>	<i>Líon na Saolta</i>	<i>Ualuithe íoctha</i>
2017	26,136	€4.5m
2018	38,755	€6.9m

Nótaí:
